



Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council



Tuarascáil Bhliantúil **2009**

Clár Ábhair

Réamhrá ón Méara	3
Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae	4
Léarscáil Thoghcheantar Chomhairle Contae Fhine Gall	5
Seirbhísí Corparáideacha	6
Seirbhísí Uisce	26
Fóillíocht, Pobail & Conláistí	35
Tithíocht	47
Ailtirí	51
Iompar	56
Comhshaol, Eacnamaíocht & Forbairt Shóisialta	64
Pleanáil	74
Acmhainní Daonna	78
Teicneolaíocht Faisnéise	80
Airgeadas	82

Réamhrá ón Méara

Ag druidim i dtreo deireadh 2009, is soiléir atá sé go raibh an bhliain is dúshlánaí ag saoránaigh Fhine Gall, a n-údarás áitiúil agus do ghnóanna i ngach réimse don eacnamaíocht áitiúil.

Tá athraithe déanta ag Comhairle Contae Fhine Gall, mar atá déanta ag Teaghlaigh agus Fiontair sa phobal maidir le deacrachtaí eacnamaíochta agus ioncam agus ar an lámh eile treoracha ón rialtas náisiúnta maidir le gearradh siar agus íslithe fóirne.

In ainneoin na deacrachtaí, tá pobal Fhine Gall i ndiaidh deighleáil go hana mhaith leis na deacrachtaí atá cruthaithe ag na dálaí áirithe seo do dhaoine aonaracha, teaghlaigh agus grúpaí pobail. Táim an-bhródúil as an obair atá déanta ag foireann Chomhairle Contae Fhine Gall is iad ag obair le ana chuid grúpa agus eagraíochtaí pobail, ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí agus cláracha nua a chuir le chéile i bhFine Gall.

Tá an Chomhairle tar éis dul i ngleic le deacrachtaí mhóra atá ag gnóanna i bhFine Gall agus a thabharfaidh chun cinn íslithe ar Ráta Bliantúil ar Luacháil le cúnamh a thabhairt do na deacrachtaí atá ag gnóanna toisc athruithe sna rátaí molta ag an Oifig Luachála náisiúnta.

Tá meascán do chultúir idirnáisiúnta in ár dTír anois. Is láidreacht mhór é seo agus muid ag gluaiseacht ar aghaidh tugann sé nascanna díreacha dúinn maidir le tíortha eile de bharr go bhfuil ár saoránaigh nua tagtha ós na tíortha seo. Tugann sé seo deiseanna gnó dúinn don chéad deich mbliain eile.

Tá na baill tofa tosnaithe ag obair ar an chéad Phlean Forbartha Contae eile. Beidh tionchar ag an mhór-stráitéis cúig bliana, ag tosnú i 2011, ar ár 250,000 saoránach agus d'iarrfainn ar gach duine féachaint ar an craoladh suímhe do chruinnithe maidir leis an bPlean Forbartha agus iad a léamh agus iad foilsithe ag an gComhairle i 2010.

Reachtáladh comhairliúcháin teoranta ag an Rialtas don Méara tofa agus an Údarás Réigiúnda Átha Cliath nua. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí mhóra ag an údarás agus cumhacht na Comhairleoirí Contaetha tofa ag pobal Fhine Gall.

Bhí dualgas ana dheas agam mar Mhéara inar fhreastal mé ar árdadh Bratacha Glasa a bhronn Rannóg Comhshaoil na Comhairle agus An Taisce, ar ana chuid scoil a dhéan iarracht speisialta feachtas feasachta a eagrú maidir lenár dTimpeallacht. Cuireann na scoileann seo an-dua orthu féin le réimse leathan cláracha agus téamaí mar shampla dramhaíol, fuinneamh agus uisce.

Ar an dul chéanna, soláthraíonn ár Rannóg Ealaíona agus Pobail agus ár leabharlann seirbhís den scoth d'ár saoránaigh do gach saghas aois agus spéiseanna agus go bhfuil níos mó tábhachtach ag baint leis na seirbhísí de bharr níos mó ama a bheith ag daoine. Ba mo phléisiúr é mar Mhéara an oscailt oifigiúil a dhéanamh ar an Leabharlann nua Cartlainne i mbliana. Tá ag éirí go hiontach lenár gcláracha Oidhreacht agus Ealaíona, a reachtáladh i gcomhar le ana chuid grúpaí ealaíona, ceoil agus grúpaí staire.

Maidir le cúrsaí spóirt tá ag éirí go hiontach le Fine Gall i réimsí éagsúla gníomhaíochtaí lenár dornálaithe amaitéireacha, foireann peile, lúthchleasaithe agus spóirt eile ina bhfuil tionchar acu ar an suíomh réigiúnda agus náisiúnta. Go háirithe, Sporting Fingal, go bhfuil an Chomhairle tar éis tacaíochta a thabhairt ó thús ama agus atá i ndiaidh forbairt thar barr a dhéanamh agus sa phobal tríd an Sporting Fingal Community Trust.

Ag dul isteach i 2010, táim muiníneach go leanfaidh ár mbaill tofa agus foireann na Comhairle ar aghaidh ag obair ar son ár saoránaigh ionas go mbeidh Fine Gall ina áit níos deise marachtáil, a bheith ag obair ann agus ó thaobh caitheamh aimsire do. Dóibh siúd go léir gur bhuaileas leo agus mé im' Mhéara le linn 2009, do bhúr n-iarrachtaí sna todhchaí, gabhaim buíochas libh.



Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae



Is soiléir dúinn go bhfuil 2009 i ndiaidh deacrachtaí mhóra a bheith ann do shaoránaigh agus gnónna i bhFine Gall, agus chomh maith don údarás áitiúil. Tá tionchar láidir tar éis bheith ag am eacnamaíochta dheacair ar ana chuid gnó, trádálaithe agus cónaitheoirí tríd síos an chontae, agus b'é dúshlán do Chomhairle Contae Fhine Gall leannúint ag soláthar seirbhísí éifeachtacha le níos lú ball fóirne, ioncam laghdaithe agus soláthar seirbhísí na Comhairle a réiteach don bhliain seo chugainn.

Á rá sin, tá buntáistí faoi leith i bhFine Gall a chabhróidh linn deileáil leis an suíomh eacnamaíochta. Tá cúrsaí eacnamaíochta láidir go háitiúil, infrastructúr iontach agus mar pháirt do réigiún Átha Cliath. Tá pobal óg oilte againn agus ana chuid sócmhainní nádúrtha ar ár gcosta agus ár dtuaithe. Beidh muid réidh leas a bhaint as rudaí ag dul i bhfeabhas nuair a tharlaíonn sé.

I 2009, sheol Rannán Eacnamaíochta Forbartha na Comhairle tionscanamh ar a dtugtar Fingalworks.ie, tairseach ar-líne do dhaoine ag lorg poist, gnónna nua, fiontraíthe agus gnónna atá ann cheanna féin. Tugann an áis seo eolas ó ghníomhaireachtaí éagsúla a sholáthraíonn traenáil, oideachas, fostaíocht, cearta iomarcaíochta dóibh siúd ag lorg poist, agus tacaíocht maidir le cúrsaí airgid do ghnónna nua agus gnónna atá ann cheanna. Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta do sholáthar áiseanna agus seirbhísí áisithe do thionscaláíocht agus gnónna sa chontae agus ag tabhairt tacaíochta d'fhorás eacnamaíoch.

Táimid tosnaíthe ag déanamh pleanála don todhchaí, ina bhfuil an phróiséas maidir le Plean 2011-2017 tosnaíthe againn. Déanfaidh an phróiséas reachtúil seo polasaithe agus stráitéis forbartha i bhFine Gall a chuir ar bun don chéad cúig bliain eile, agus a leagfaidh an bhun chloch síos inar féidir lenár gcontae dul chun cinn a dhéanamh ag dul i dtreo an todhchaí. Tá contae Fhine Gall is suíomh idéalach mar láthair suntasach forbartha i gceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath, agus caithear é seo a bhaint amach san slí is inbhuanaithe gur féidir é. Is gá go mbeidh tógáil pobail agus comhdhlúthú mar phíomh ghnéithe dár stráitéis pleanála.

Níl ról údarais áitiúil teoranta do soláthar infrastructúra fisiciúil amháin, d'fhoirgnimh, bóithre, uisce agus draenála, ach sainchúram níos leithne atá i gceist, ag soláthar áiseanna chearta agus tacaíochta maidir le bunú pobail. Soláthraíonn Comhairle Contae Fhine Gall ocht mbrainse leabharlainne sa cheantar agus seirbhísí soghluaiste agus dóibh siúd gafa sa teach; tá úinéireacht agus bainistiú ar siúl maidir le réadmhaoín ar thábhacht náisiúnta mar shampla Caisleán Mhullach Ide agus Caisleán Ard Ghiolláin; feidhmiú 175 páirceanna spóirt, 46 cúirteanna leadóige, 20 clós súgartha, dhá pháirc scátála agus dhá chúrsa gailf tríd síos an chontae.

I 2009, déanadh infheistíocht suntasach maidir le soláthar 600 cuibhrinn i suíomhanna i oirthear agus iarthar an chontae chun riachtanais ár saoránaigh uirbeach a shásamh, agus soláthraíonn ár n-ocht páirceanna réigiúnacha áiseanna caitimh aimsire. Cinntíonn ár n-Oifig Ealaíona, agus an dá ionad ealaíona sa chontae go dtugtar tacaíochta do chruthaitheacht ealaíontóirí agus é a bheith ar fáil do chách.

Tá freagracht ar údarás áitiúil agus an phobal lena mbaineann sé an gaol atá eatartha a chothú. In am meathlaithe geilleagrach, tá freagracht sibhialta níos tábhachtaí ná riamh, agus tacaíonn sé le údarás áitiúil tabhairt faoi réimsí cosúil le bruscar á chaitheamh, ag coimeád ár dtránna glan agus páirceanna agus ag cuir cosc ar graifítí agus loitiméireacht ar réadmhaoín na Comhairle. Tháinig sé chun cinn le cúpla samhradh anuas gur gá dár saoránaigh a bheith freagrach dá ndramhaíl agus bruscar fhéin, go mór mhór agus iad cois trá, agus beidh an teachtaireacht seo á bhrú ar aghaidh go dtí an bhliain seo chugainn.

I 2009, d'fhágamar slán ag Comhairleoirí áirithe agus chuireamar fáilte roimh baill tofa nua ag leannacht ar aghaidh ón dToghchán Áitiúil agus Eorpach i Mí Meitheamh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Méara, Comhairleoir Ciaran Byrne agus a réamhtheachtaí Comhairleoir Michael O'Donovan agus gach Ball den Chomhairle dá gcomhoibriú agus tacaíochta maidir le ana chuid gnéithe i 2009. Táim ag tnú go mór leis an gcomhoibriú chéanna i 2010. Ba mhaith liom ómós a léiriú d'Fhoireann na Comhairle dá ndílseacht agus dá ndíogras maidir le soláthar seirbhísí do phobal Fhine Gall. Táim ag súil go mór a bheith ag obair lena chéile i dtodhchaí Fhine Gall i 2010.

Léarscáil Thoghcheantar Chomhairle Contae Fhine Gall

FHINE GALL



An Rannóg Gnóthaí Corparáideacha



Cuimsítear sa Rannóg seo:

- An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha
- An Rannóg Seirbhísí Saoránach
- An Rannóg Seirbhísí Maoine
- Comhpháirtíocht don Láthair Oibre
- An tAonad Iniúchóireachta agus Éifeachtachta
- An Rannóg Dí

MÉARA

Michael O'Donovan



Méara
Eanáir 2009 -
Meitheamh 2009

Ciarán Byrne



Méara
Meitheamh 2009 -
Nollaig 2009

LEAS-MHÉARA

Joan Maher



Leas-Mhéara
Eanáir 2009 -
Meitheamh 2009

Tom Kelleher



Leas-Mhéara
Meitheamh 2009 -
Nollaig 2009

Comhairle Contae Fhine Gall – Baill Thofa

TOGLIMISTÉAR BHAILE BRIGÍN



Ken Farrell
(An Páirtí Oibre)

4 An Céide,
Páirc Orlynn, Lusca,
Co. Bhaile Átha Cliath.
F. Póca: 087 755 1927
R-Phost: ken.farrell@
fingalcoco.ie



David O'Connor
(Neamh-pháirtí)

Meadowlands,
Baile Bachaille,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 843 3691
F. Póca: 087 680 3860
R-Phost: davidj.oconnor@
fingalcoco.ie



Tom O'Leary
(Fine Gael)

19 Sráid na Trá,
Na Sceirí,
Co. Bhaile Átha Cliath.
F. Póca: 087 241 1626
R-Phost: tom.oleary@
fingalcoco.ie



Ciaran Byrne
(Páirtí an Lucht Oibre)

41 An Tráth Theas,
Na Sceirí,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 849 1179
F. Póca: 087 227 3060
Fax: 849 5361
R-Phost: ciaran.byrne@
fingalcoco.ie



May McKeon
(Neamh-pháirtí)

Faiche an Mhargaidh,
Baile Brigín,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 841 3660
F. Póca: 087 785 2644
R-Phost: may.mckeon@
fingalcoco.ie

TOGLIMNISTÉAR SHORD



Clare Daly
(An Páirtí Sóisialach)

21 Céide Choill an
Leamháin, Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 840 8059
F. Póca: 087 241 5576
Facs: 840 8059
R-Phost: clare.daly@
fingalcoco.ie



Gerry McGuire
(Páirtí an Lucht Oibre)

1 An Trá,
Domhnach Bat,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 843 6014
F. Póca: 087 238 1980
R-Phost: gerry.mcguire@
fingalcoco.ie



Tom Kelleher
(Páirtí an Lucht Oibre)

Cill Shalcháin,
Co Baile Átha Cliath.
F. Póca: 087 283 7165
R-Phost: tom.kelleher@
fingalcoco.ie



Darragh Butler
(Fianna Fail)

17 Clós an Ghoirt Aird,
Sord,
Co Baile Átha Cliath.
F. Póca: 087 959 5378
R-Phost: darragh.butler@
fingalcoco.ie



Anne Devitt
(Fine Gael)

Lios Púbaill,
Sord,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 840 9728
F. Póca: 086 812 3435
R-Phost: anne.devitt@
fingalcoco.ie

TOGLIMISTÉAR BHINN ÉADAIR/MHULLACH ÍDE



Peter Coyle
(Páirtí an Lucht Oibre)

8 Cúirt an Choinicéir,
Port Mearnóg,
Co Baile Átha Cliath.
Teil: 846 0327
F. Póca: 087 283 7160
R-Phost: peter.coyle@
fingalcoco.ie



Cian O'Callaghan
(Páirtí an Lucht Oibre)

5 Cúirt Campbell,
An Phríomhshráid,
Binn Éadair,
Baile Átha Cliath 13.
F. Póca: 086 286 6631
R-Phost:
cian.ocallaghan@
votelabour.ie



Eoghan O'Brien
(Fianna Fail)

7 Radharc Seabury,
Mullach Íde,
Co. Bhaile Átha Cliath.
F. Póca: 086 858 0562
R-Phost: eoghan.obrien@
fingalcoco.ie



Alan Farrell
(Fine Gael)

42 Biscayne,
Mullach Íde,
Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 845 6500
F. Póca: 086 820 3320
R-Phost: alan.farrell@
fingalcoco.ie




Joan Maher
(Fine Gael)

19 Cearnóg Chois Bá
Thoir, Cill Fhionntain,
Baile Átha Cliath 13.
Teil: 832 4840
Facs: 832 4840
F. Póca: 087 283 7169
R-Phost: joan.maher@
fingalcoco.ie

Comhairle Contae Fhine Gall – Bail Thofa

TOGHLIMISTÉAR MHULLACH EADRAD



Ruth Coppinger
(An Páirtí Sóisialach)

159 Fraoch Chaisleán an Churraigh,
Mullach Eadrad,
Baile Átha Cliath 15.
Teil: 811 6174
F. Póca: 087 673 0187
R-Phost: ruth.coppinger@fingalcoco.ie



Kieran Dennison
(Fine Gael)

1 Gráinseach Fernleigh,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.
F. Póca: 087 259 5949
R-Phost: kieran dennison@gmail.com



Patrick Nulty
(Páirtí an Lucht Oibre)

5 Cúirt an Droma Ghlais,
An Chorr Dhubh,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
F. Póca: 087 968 8259
R-Phost: patricknulty@gmail.com



David McGuinness
(Fianna Fáil)

40 Páirc Chnoc na gCaorach,
An Chorr Dhubh,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15
F. Póca: 087 641 5403
R-Phost: dm McGuinn@tcd.ie



Michael O'Donovan
(Páirtí an Lucht Oibre)

70 Céide Delwood,
Baile Átha Cliath 15.
Teil: 822 0030
F. Póca: 087 220 7798
R-Phost: michael.odonovan@fingalcoco.ie

TOGHLIMISTÉAR CHAISLEÁN CNUCHA



Eithne Loftus
(Fine Gael)

6 Ascaill Pháirc na bhFianna,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.
F. Póca: 087 622 3419
R-Phost: eithne.loftus@fingalcoco.ie



Peggy Hamill
(Páirtí an Lucht Oibre)

Back Lodge,
Fearann an Choirce,
Caisleán Cnucha,
Baile Átha Cliath 15.
Teil: 821 6100
F. Póca: 087 993 0009
R-Phost: cllrpeggy.hamill@fingalcoco.ie



Mags Murray
(Fianna Fáil)

13 Clós Lohunda,
Radharc na Páirce,
Cluain Saileach,
Baile Átha Cliath 15.
F. Póca: 086 065 1419
R-Phost: mags.murray@fingalcoco.ie



Matthew Waine*
(An Páirtí Sóisialach)

58 Garrán Radharc na Coille,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15.
F. Póca: 087 668 4616
R-Phost: mattwaine@gmail.com

*Co-opted following resignation of Joe Higgins on 25th June 2009

BUANCHOISTÍ

COISTÍ LIMISTÉIR

Baile Brigín/Sord

Baill de Thoghcheantair Bhaile Brigín agus Shord agus Cathaoirleach Chomhairle Baile Bhaile Brigín

Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad

Baill de Thoghcheantair Chaisleán Cnucha agus Mullach Eadrad

Binn Éadair/Mullach Íde

Baill de Thoghcheantair Bhinn Éadair agus Mhullach Íde

COISTE EAGRÚCHÁIN AGUS GNÁTHAIMH

(Tá Gach Ball de Chomhairle Contae Fhine Gall ina mBaill den Choiste seo)

AN GRÚPA UM POLASAÍ CORPARÁIDEACH

Michael O'Donovan (Méara)
Eanáir 2009– Meitheamh 2009

Ciarán Byrne (Méara)
Meitheamh 2009 – Nollaig 2009

May McKeon (Cathaoirleach)
CPS Iompair

Tom Kelleher (Cathaoirleach)
CPS Pleanála & Forbartha

Kieran Dennison (Cathaoirleach)
CPS Comhshaoil

David O'Connor (Cathaoirleach)
CPS Pobail agus Ginearálta

Clare Daly (Cathaoirleach)
CPS Tithíochta

BAILL DEN CHOISTE UM POLASAÍ SRAITÉISEACH POBAIL AGUS GINEARÁLTA

Comhairleoirí

David O'Connor (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Peter Coyle
Anne Devitt
Peggy Hamill
Patrick Nulty
Cian O'Callaghan

Baill nach Comhairleoirí iad

Dave Francis
Gráinne Maguire
Aidan McGrath
Padraig McMahon
Brendan Sherlock
Kevin Quinn

BAILL DEN CHOISTE UM POLASAÍ SRAITÉISEACH COMHSHAOIL

Comhairleoirí

Kieran Dennison (Cathaoirleach)
Peter Coyle
Clare Daly
Alan Farrell
Peggy Hamill
Eithne Loftus
Gerry McGuire
May McKeon
David O'Connor
Eoghan O'Brien

Baill nach Comhairleoirí iad

John Barrett
Olive Byrne
Valerie Henderson
David Rogers

BUANCHOISTÍ

BAILL DEN CHOISTE UM POLASÁÍ SRAITÉISEACH TITHÍOCHTA

Comhairleoirí

Clare Daly (Cathaoirleach)
Ruth Coppinger
Kieran Dennison
Ken Farrell
Joan Maher
Gerry McGuire
David McGuinness
Patrick Nulty
Cian O'Callaghan
Michael O'Donovan

Baill nach Comhairleoirí iad

Andrew McCann
Sylvester Grealley
Kathleen McKillion
Kevin Quinn

BAILL DEN CHOISTE UM POLASÁÍ SRAITÉISEACH PLEANÁLA AGUS FORBARTHA

Comhairleoirí

Tom Kelleher (Cathaoirleach)
Ciarán Byrne
Anne Devitt
Alan Farrell
Joan Maher
David McGuinness
Mags Murray
Michael O'Donovan
Tom O'Leary
Matthew Waine

Baill nach Comhairleoirí iad

Rory Bannon
Terry Kelleher

BAILL DEN CHOISTE UM POLASÁÍ SRAITÉISEACH IOMPAIR

Comhairleoirí

May McKeon (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Ciarán Byrne

Ruth Coppinger
Ken Farrell
Tom Kelleher
Eithne Loftus
Mags Murray
Eoghan O'Brien
Tom O'Leary

Baill nach Comhairleoirí iad

Rory Bannon
Brendan Doorley
Humphrey Reen

IONADAÍ AR FHORAIS REACHTÚLA

Foairs, Coistí agus Eagraíochtaí Reachtúla, a dtoghann Comhairle Contae Fhine Gall ionadaithe nó daoine orthu.

COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Comhairleoirí

Peter Coyle
Alan Farrell
Joan Maher

Daoine nach Comhairleoirí iad

An Dr. Philip Byrne
Sean Carey
Joe Harford
Louise O'Donnell

BUANCHOISTÍ

COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoirí

Ken Farrell
David McGuinness
Joan Maher
Gerry McGuire
Michael O'Donovan

Daoine nach Comhairleoirí iad

Deirdre Doherty Ryan
Don Tipping
Pat Ward
Liz Kelly

CUMANN COMHAIRLÍ CONTAE IS CATHRACH

Comhairleoirí

Alan Farrell
Tom Kelleher
Michael O'Donovan

ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoirí

Peggy Hamill
May McKeon
Anne Devitt
Ciarán Byrne
Peter Coyle

COISTE OIBRÍOCHTA AN AE D'ÚDARÁIS RÉIGIÚNACHA BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoirí

Michael O'Donovan (Méara)
Eanáir 2009 – Meitheamh 2009

Ciarán Byrne (Méara)
Meitheamh 2009– Nollaig 2009

Anne Devitt

TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR

Comhairleoirí

Ciarán Byrne
Anne Devitt

BORD FIONTAR CONTAE FHINE GALL

Comhairleoirí

Peter Coyle
Kieran Dennison
Gerry McGuire
Darragh Butler

COMHAR-ÁRACHAIS COMHAIRLEOIRÍ ÉIREANN TEO.

Comhairleoir

Mags Murray

CUMANN BHAILL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Comhairleoir

Mags Murray

TURASÓIREACHT BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoir

Peter Coyle

TURASÓIREACHT FHINE GALL TEO.

Comhairleoirí

Michael O'Donovan (Méara)
Eanáir 2009 – Meitheamh 2009

Ciarán Byrne (Méara)
Meitheamh 2009– Nollaig 2009

Peter Coyle

BUANCHOISTÍ

NORTH DUBLIN DEVELOPMENT COALITION (NORDUBCO)

Comhairleoirí

Michael O'Donovan (Méara)
Eanáir 2009 – Meitheamh 2009

Ciarán Byrne (Méara)
Meitheamh 2009– Nollaig 2009

Anne Devitt

BORD COMHPHÁIRTÍOCHT LEADER FHINE GALL

Comhairleoirí

Ciarán Byrne
May McKeon
Vacant

COMHAONTÚ FOSTAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH – GRÚPA UM POLASÁÍ STRAITÉIEACH

Comhairleoir

Michael O'Donovan

COMHPHÁIRTÍOCHT CEANTAIR BHAILE BHLAINSÉIR

Comhairleoirí

Kieran Dennison
Peggy Hamill
Matthew Waine

COISTE COMHAIRLEACH UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Comhairleoirí

Anne Devitt
Clare Daly
Cian O'Callaghan

TASCFHÓRA DRUGAÍ BHAILE BHLAINSÉIR

Comhairleoirí

Patrick Nulty
David McGuinness

NORTHSIDE PARTNERSHIP

Comhairleoir

Cian O'Callaghan

COMHCHOISTE COMHAIRLEACH FHINE GALL AGUS BAILE ÁTHA THEAS, BAINISTÍOCHT GHLEANN NA LIFE

Méara: Michael O'Donovan
(Eanáir 2009 - Meitheamh 2009)

Ciarán Byrne
(Meitheamh 2009 – Nollaig 2009)

TOGHLIMISTÉAR CHAISLEÁN CNUCHA:

Comhairleoirí

Peggy Hamill
Mags Murray
Matthew Waine
Eithne Loftus

TOGHLIMISTÉAR MHULLACH EADRAD:

Comhairleoirí

Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Kieran Dennison
Patrick Nulty
David McGuinness

BUANCHOISTÍ

FÓRAM FORBARTHA NÁISIÚNTA TUAITHE

Comhairleoir

Ciarán Byrne

COISTE IDIRCHADRIMH LÍONADH TALÚN BHAILE AMHLAOIBH

Comhairleoirí

Ken Farrell
May McKeon
Anne Devitt
Gerry McGuire

FÓRAM OIÐHREACHTA AN CHONTAE

Comhairleoirí

David O'Connor
Peter Coyle
Kieran Dennison
May McKeon
Cian O'Callaghan

FÓRAM LIMISTÉAR IMILL THUaidH

Comhairleoirí

Cian O'Callaghan
Joan Maher
Peter Coyle
Eoghan O'Brien
Alan Farrell

FÓRAM RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS AN OIRTHUAISCIRT

Comhairleoirí

May McKeon
Mags Murray
Eithne Loftus
David O'Connor
Tom O'Leary
Kieran Dennison

GRÚPA STIÚRTHA HANSFIELD SDZ

Comhairleoirí

Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Patrick Nulty
David McGuinness
Kieran Dennison

GRÚPA COMHTHÁITE IOMPAIR FHINE GALL

Comhairleoirí

May McKeon

FINE GALL SLÁINTIÚIL

Comhairleoirí

Gerry McGuire
Michael O'Donovan
Peter Coyle
Eithne Loftus
Tom O'Leary

COMHCHOISTE PÓILÍONEACHTA

Comhairleoirí

Michael O'Donovan (Méara)
Eanáir 2009 – Meitheamh 2009

Ciarán Byrne (Méara)
Meitheamh 2009 – Nollaig 2009

Mags Murray
Peggy Hamill
David O'Connor
Alan Farrell
Cian O'Callaghan
Eoghan O'Brien
Eithne Loftus
Tom O'Leary
Kieran Dennison
Matthew Waine
Darragh Butler
Clare Daly
Michael O'Donovan

BUANCHOISTÍ

COISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA SPÓIRT FHINE GALL

Comhairleoirí

Anne Devitt
Eoghan O'Brien
David O'Connor

IONAD FIONTRAÍOCHTA DRAIGHNEÁIN

Comhairleoirí

Alan Farrell
Gerry McGuire

LÍONRA NA gCATHRACHA IMILLEACHA

Comhairleoir

Alan Farrell

FÓRAM PÓILIOCHTA POBAIL BHAILE BRIGÍN

Comhairleoirí

Ciarán Byrne
May McKeon

DRAÍOCHT

Comhairleoir

Peggy Hamill

TASCFHÓRSA OIRTHUAISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoir

Cian O'Callaghan



Speansais agus luach saothair na mball ag comhdhálacha sa bhliain 2009

Líon na gCruinnithe Comhairle agus Coiste:		89
Iomlán na Speansas Íoctha le baill i ndáil le ballraíocht ag cruinnithe den Chomhairle Contae agus a Coiste:		€212,332.90
Íocaíochtaí Ionadaíocha:		€422,496.00
Líon na gComhdhálacha ar Freastaláid orthu:	Thar Lear In Éirinn	6 36
Speansais ag Comhdhálacha:	Thar Lear In Éirinn	€10,833.60 €47,300.26
Liúntas Bliantúil an Mhéara:		€35,506.00
Liúntas an Leas-Mhéara:		€16,116.00

COMHDHÁLACHA THAR LEAR

Comhdháil Ionad Téama	Réigiúin Aerfoirt ARC Vársá, An Pholainn Rochtain Dromchla/Athrú Aeráide
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Dhomhanda na Cónaidhme Idirnáisiúnta do Thithíocht agus Pleanáil 2009 Beirlín, An Ghearmáin Teicneolaíocht Uirbeach: Athrú Aeráide agus Tíosacht Fuinnimh
Comhdháil Ionad Téama	Society for Folk Life Studies Dúglas, Oileán Mhanann Turasóireacht Chultúir a Dhíol & Margaíocht na Turasóireachta sin le 200 bliain anuas.
Comhdháil Ionad Téama	Les Rencontres de Linz Linz, An Ostair Ealaíona Digiteacha, Teicneolaíochta Nua, Cleachtais Chultúrtha Nua
Comhdháil Ionad Téama	9ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Dhramhaíl An Vín, An Ostair Luach agus Aisghabháil ó Dhramhaíl go hAcmhainn
Comhdháil Ionad	ARC Qlair Cailíocht Bheatha i Réigiúin Aerfoirt Amstardam, An Ollainn

Speansais agus luach saothair na mball ag comhdhálacha sa bhliain 2009

COMHDHÁLACHA IN ÉIRINN

Comhdháil Ionad Téama	Fiontair Esperanza do Chomhairleoirí Óstán Westport, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Ardoiliúna do Chomhairleoirí Óstán Day's, Co. Phort Láirge Cumarsáid Éifeachtach do Chomhairleoirí
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár san Ardoiliúint do Chomhairleoirí Óstán Granville, Co. Phort Láirge Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Thurasóireacht Aontroma Óstán Dunadry, Dún Eadradh, Co. Aontroma Turasóireacht Gníomhaíochtaí
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Kadenza Consultancies do Chomhairleoirí Óstán Clonea Strand, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge Cumarsáid Éifeachtach do Chomhairleoirí
Comhdháil Ionad	Seimineár Earraigh AMAI Óstán Clanree, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Ardoiliúna do Chomhairleoirí Óstán Sligo Park, Co. Shligigh An Rialtas Áitiúil agus Fuinneamh In-athnuaite
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Bhliantúil Údaráis Réigiúnacha an Mheán-iarthair Óstán Woodlands House, Áth Dara, Co. Luimnigh Uisce na hÉireann – Cad é an fíorchostas?
Comhdháil Ionad	Comhdháil Bhliantúil Chumann Oidhreachta Ráth Túrach Óstán Golf, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Fiontair Esperanza do Chomhairleoirí Óstán Gleno Abbey, Páirc na Sceach, Co. na Gaillimhe Rialacháin um Fhuinneamh Tógála
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Fiontair Esperanza do Chomhairleoirí Óstán Gleno Abbey, Páirc na Sceach, Co. na Gaillimhe Rialú Pleanála agus Forbartha
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Sheirbhísí Gnó BMF Óstán Crowne Plaza, Seantrabh, Co. Bhaile Átha Cliath Éire a Iompar 2009 – Eacnamaíocht na hÉireann a Iompar
Comhdháil Ionad Téama	Comhdhálacha Ceilteacha Óstán Celtic Ross, Ros Ó gCairbre, Iarthar Chorcaí Bainistiú Inbhuanaithe Áitiúil

Speansais agus luach saothair na mball ag comhdhálacha sa bhliain 2009

COMHDHÁLACHA IN ÉIRINN

Comhdháil Ionad	Comhdháil Bhliantúil Chumann na gComhairle Contae agus Cathrach Óstán Kilkenny Ormonde, Co. Chill Chainnigh
Comhdháil Ionad	29ú Comhdháil Bhliantúil LAMA Óstán Portlaoise Heritage, Port Laoise, Co. Laoise
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Fhóram an Tríú hEarnáil Óstán Kingsley, Crois Victoria, Cathair Chorcaí Éire ag an gCrosbhóthar
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Chumann Áitribh Thuaithe na hÉireann Óstán Brehon, Cill Airne, Co. Chiarraí Áitritheoirí Tuaithe – Speiceas i mBaol
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil na Institiúide um Oiliúint Ghairmiúil Óstán West Cork, An Sciobairín, Iarthar Chorcaí Ón gCanbhás chuig Seomra na Comhairle
Comhdháil Ionad	Scoil Samhraidh Willie Clancy Miltown Malbay, Co. an Chláir
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Ardoiliúna do Chomhairleoirí Óstán West Cork, An Sciobairín, Iarthar Chorcaí Beartaíocht Éifeachtach Rialtais
Comhdháil Ionad	Scoil Samhraidh Patrick McGill Na Gleannta, Co. Dhún na nGall
Comhdháil Ionad Téama	Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta John Hewitt Market Place Theatre, Co. Ard Mhacha Smaointeoireacht gan Srian: Dóchas sa Todhchaí?
Comhdháil Ionad	96ú Comhdháil Bhliantúil AMAI Óstán Gleneagle, Cill Airne, Co. Chiarraí
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil na Institiúide um Oiliúint Ghairmiúil Óstán Clifden Station House, An Cochán, Co. na Gaillimhe Oiliúint Rialachais
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Fiontair Esperanza do Chomhairleoirí Óstán Kingsvalley, Páirc Merlin, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Co. na Gaillimhe An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2009
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Fhóram an Tríú hEarnáil Óstán Killarney Plaza, Plás Chinn Mara, Co. Chiarraí Gnó in Earraí agus Seirbhísí Comhshaoil

Speansais agus luach saothair na mball ag comhdhálacha sa bhliain 2009

COMHDHÁLACHA IN ÉIRINN

Comhdháil Ionad	Comhdháil Fhiontair Mhala Mala, Co.Cork
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil an Chraoibhín Óstán Abbeyfield, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin Cultúr agus an Geilleagar
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Ardoiliúna do Chomhairleoirí Óstan Carlton Atlantic, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo Beartaíocht Phoiblí agus an Chomhairleoir
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Geimhridh Bliantúil LAMA Óstan Carlton Castletroy Park, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Co. Luimnigh Soláthar Seirbhíse sa Rialtas Áitiúil: Réaltacht Nua
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Fiontair Esperanza do Chomhairleoirí Óstán Sligo Park, Bóthar an Phiarsaigh, Co. Shligigh Eitic Rialtais Áitiúil sa Saol Poiblí
Comhdháil Ionad	Comhdháil Institiúid Phleanála na hÉireann Óstán Gresham, Baile Átha Cliath
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil na hInstitiúide um Oilíúint Ghairmiúil Óstán Silver Tassie, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall Buiséid na gComhairlí 2010
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Bhliantúil Chomhairle Turasóireachta an Chláir Óstan Falls, Inis Díomáin, Co. an Chláir Comhpháirtíocht a Chothú sa Turasóireacht – 21 Bliain den Fhorás
Comhdháil Ionad Téama	Seimineár Ardoiliúna do Chomhairleoirí Óstan Carlton Millrace, Bun Clóidí, Co. Loch Garman Buiséad an Rialtais Áitiúil 2010
Comhdháil Ionad Téama	Comhdháil Ace Management Óstán Creggan Court, Áth Luain, Co. na hIarmhí Bainistiú Meáin agus Scileanna T.F.

Rannóg Seirbhísí Corparáideacha

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh an leagan deiridh de Chlár na dToghthóirí le haghaidh 2009/10 ar an 01/01/09. B'ionann an líon iomlán Toghthóirí ar an gclár deiridh agus 174,122.

Foilsíodh dréachtchlár toghthóirí ar an 01/11/2009. B'ionann an líon iomlán toghthóirí ar an dréachtchlár agus 176,201.

CLÁR LEASAITHE TOGHTHÓIRÍ

Foilsíodh an clár leasaithe toghthóirí ar an 1 Feabhra 2009 ar a raibh 16,478 ainm. Ar an dréachtchlár toghthóirí a foilsíodh ar an 01/11/09 bhí 16,942 ainm.

SCÉIM NA MBÉILTÍ SCOILE

Freastalaíodh ar thuairim is 2900 leanbh i 10 mbunscoil i limistéar Fhine Gall ar bhonn laethúil faoin scéim seo.

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Ghlac Comhairle Contae Fhine Gall an Scéim Deontais Ardoideachais ag a cruinniú dar dáta 14 Meán Fómhair 2009.

Líon na n-iarratas nua	565
Líon na ndeontas a bronnadh	304
Líon na n-iarratas le haghaidh athnuachana	699
Líon na n-iarratas le haghaidh athnuachana a bronnadh	534
Caiteachas Iomlán do 2009	€4,133,195.24

COMHAIRLE BAILE BHAILE BRIGÍN

Ta stair fhada mar Údarás Áitiúil ag Comhairle Baile Bhaile Brigín (Coimisinéirí Baile mar a bhí roimh 2002), a thosaigh sa bhliain 1860.

Tá naonúr ball tofa ar an gComhairle a fhónfaidh ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis toghchán áitiúil a réachtáladh an 5 Meitheamh 2009:

Monica Harford Cathaoirleach 2009 -2010, Larry Dunne Leas- Cathaoirleach 2009 – 2010, Sean Brown , Dermot Murray , Grainne Maguire , Grainne Kilmurry , Terry Kelleher , Frank Snowe agus Peadar O’Kelly .

Cuireann an Chomhairle ceannaireacht shaoránach ar fáil do phobal Bhaile Brigín. Déanann sí ionadaíocht ar a son le Comhairle Contae Fhine Gall, le Ranna Rialtais agus le Forais Reachtúla eile agus cuireann chun cinn an baile mar áit dheas le bheith ag cónaí, le bheith ag obair ann nó le cuairt a thabhairt air.

Cuireadh le teorainn an bhaile i mí Feabhra 2009, rud a léiríonn fás an bhaile agus chun deis a sholáthar d’áitritheoirí nua Bhaile Brigín vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla na Comhairle Baile. Is ionann daonra nua na limistéar riaracháin agus tuairim is 18,000.

Reáchtáiltear Gradaim Bhliantúla na Comhairle Baile i mí Dheireadh Fómhair gach bliain a thugann an deis don Chomhairle Baile aitheantas a thabhairt don iliomad daoine agus grúpaí, a léiríonn, trí mheán a ngníomhartha, bród as saol phobal an bhaile agus a chothaíonn an bród sin. Bunaítear roghnú na mbuaiteoirí ar bhonn a bhfuil bainte amach acu go pearsanta nó ar iarracht chomhpháirteach i réimsí cosúil le Spóirt, Ealaín, Litríocht, Cultúr agus Seirbhís Pobail.

Eagraíonn an Chomhairle Baile Mórshiúl Lá le Pádraig sa bhaile agus bíonn ról gníomhach aici i maisiú an bhaile um Nollaig i gcomhar le Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Brigín agus an Cheantair.

Tagann formhór ioncam na Comhairle ó mhuirir bhaile lena n-áirítear Bille Ráta Bliantúil a íocann pobal gnó an bhaile.

Déileálann Bainisteoir Baile agus Cléireach Baile Bhaile Brigín le gnóthaí riaracháin Chomhairle Baile Bhaile Brigín agus déanann seo i gcomhar le foireann riaracháin atá ar iasacht ó Chomhairle Contae Fhine Gall. Is é Peter Caulfield an Bainisteoir Baile. Is é Brian Murray an Cléireach Baile.



Rannóg Seirbhísí Saoránach

IARRATAIS AR SHAORÁIL FAISNÉISE

Iarratais faighte/próiseáilte i	2009	2008	2007
Iarratais faighte le linn 2009	72	72	69
Cinntí déanta i 2009	76	74	64
Iarratais ar Láimh ag 31/12/2009	2	4	6

Cineál Eolais a Lorgáidh	2009	2008	2007
Pearsanta (don iarrthóir)	15	17	18
Neamhphearsanta	57	55	51
Measctha	0	0	0
Bronnta	48	40	42
Bronnta i gcuid	22	24	15
Diúltaithe	2	5	4
Aistrithe	0	0	0
Tarraingthe siar/Lasmuigh de SF	2	5	3

Achomhairc	2009	2008	2007
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	3	1	2

Foinse na nIarratas	2009	2008	2007
Iriseoirí	11	2	0
Gnó	6	11	7
Oireachtas/baill an Údaráis Áitiúil	0	0	0
Eile/An Pobal i gcoitinne	54	55	60
Foireann	1	4	2

Rannóg Seirbhísí Saoránach

Gearáin Ombudsman	2009	2008	2007
Gearáin Faighte	13	14	22
Gearáin a Freagraíodh	13	14	22

Ábhar na nGearán	2009	2008	2007
Pleanáil	2	2	4
Iompar	0	4	2
Tithíocht	6	5	7
Airgeadas	0	0	2
Uisce & Draenáil	0	0	0
Pobal, Fóillíocht & Conláistí	2	0	6
Comhshaol	2	1	0
Maoin & Forbairt Eacnamaíochta	1	2	0
Gnóthaí Corparáideacha	0	0	1

Gearáin Chairt na Saoránach	2009	2008	2007
Gearáin faighte	11	5	17
Gearáin freagartha	11	5	17

Ábhar na nGearán	2009	2008	2007
Pleanáil	1	3	3
Iompar	0	1	2
Tithíocht	1	0	4
Airgeadas	0	0	0
Uisce & Draenáil	0	0	0
Pobal, Fóillíocht & Conláistí	3	0	3
Comhshaol	6	1	3
Maoin & Forbairt Eacnamaíoch	0	0	0
Gnóthaí Corparáideacha	0	0	2

Rannóg Seirbhísí Maoine

Déanann Rannóg Seirbhísí Maoine na Comhairle maoin a fháil agus a dhiúscairt ar son Chomhairle Contae Fhine Gall agus déanann bainistiú ar mhaoin agus ar thailte faoi úinéireacht na Comhairle.

ÉADÁIL MAOINE

Déantar tailte, maoin agus ceadanna slí a fháil chun críocha éagsúla reachtúla na Comhairle ar na bealaí seo a leanas:

- Comhaontú
- Ordú Ceannaigh Éigeantaigh
- Ordú Mótarbhealaigh
- Gníomhas Tarscaoilte
- Gníomhas Tíolactha

BAINISTIÚ MAOINE

Déanann an rannóg seo cothú ar Chlár Maoine na Comhairle agus tá sí freagrach as slándáil agus cothabháil maoine na Comhairle.

Tailte na Comhairle a chur amach ar cíos do churaíocht agus iníor trí chomhaontuithe-tuairim is 820 acra ar cíos sa bhliain 2009.

Comhaontuithe Airígh agus Ligean Mar Áis Shealadach le haghaidh maoine agus tailte nach bhfuil ag teastáil ón gComhairle sa ghearrthéarma.

Cíosa a bhailiú ó shiopaí na Comhairle a bhfuil áitribh iontu.

Diúscairt tailte nó maoine nach bhfuil ag teastáil ón gComhairle a thuilleadh.

Comhpháirtíocht Láithreach Oibre

Bhí Coiste Comhpháirtíochta Láithreach Oibre Fhine Gall i mbun na dtionscadal agus na dtionscnamh seo a leanas le linn 2009.

- Polasaí maidir le Comhráite Teileafóin don fhoireann i gComhairle Contae Fhine Gall a fhorbairt agus a scaipeadh.
- Plean Leanúnachais Gnó a chomhordú agus a eagrú don eagraíocht chun déileáil go héifeachtach le Páindéim Fhliú na Muc.
- An scéim moltaí foirne “Ideas for Change - Let’s Make it Better” a eagrú – a bhí ar an gcéad chomórtas sa Scéim nua.
- Leanúint ag eagrú agus ag bainistiú an Chláir Fill ar an Oideachas.
- Polasaí Cosanta Leanaí a athbhreithniú agus a uasdátú.
- Tionscadal Campa Samhraidh a eagrú agus a éascú le haghaidh leanaí Fhoireann na Comhairle. Ba seo an dara bliain den tionscadal.

- Seachtain Sláinte & Sábháilteachta a eagrú a chuimsigh Siúlóid Urraithe i gcabhair ar Ospidéal Shráid an Teampaill, Seastáin Chorparáideacha Folláine agus comórtais agus cóisir do Leanaí. Rinne Comhpháirtíocht Láithreach Oibre éascú freisin ar chlubanna ‘Weight Watchers’ arna reáchtáil ar bhonn oifige.
- Tacú le táirgeadh leanúnach na nuachtlitreach foirne “Inside Out”.

D’éascaigh an Coiste Grúpaí Oibre agus Foghrúpaí agus thacaigh leo sna gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2009:

- Cumarsáid.
- Polasaí Cosanta Leanaí.
- Breisoideachas.
- Pleanáil don Leanúnachas Gnó.
- Grúpa Oibre Comhionannais.

Chomh maith le dul i ngleic leis na nithe thuasluaite, lean an Coiste Comhpháirtíochta Láithreach Oire ag obair ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí agus na spriocanna arna leagan amach sa phlean gnímh de réir an Phlean Náisiúnta Comhpháirtíochta.

Aonad Iniúchta Inmheánaigh

Le linn 2009 cuireadh le hobair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ionas go gcuimseodh sé sin Éifeachtacht. Tháinig an dualgas seo faoi choincheapa bunaidh VFM a dtacaíonn an t-aonad leo.

Ar dtús báire, roghnaíodh trí réimse ar ghá aird a thabhairt orthu – Innealra ar Cíos, Fuinneamh agus Slándáil. Cuireadh tuarascálacha ar fáil ar gach ceann de na réimsí sin agus eisíodh moltaí. Mar thoradh air seo, coigíodh airgead don eagraíocht sa bhliain 2009 agus déanfar amhlaidh sna blianta amach romhainn.

Chomh maith leis sin, mar chuid dá chroíghníomhaíocht rinne an tAonad seiceálacha Iniúchta, Rialála agus Géilliúlachta i roinnt de na Rannáin. Chuimsigh siad seo tuarascálacha freisin ar Eacnamaíocht, Éifeachtacht agus Tíosacht laistigh den Eagraíocht. San áireamh i ngach ceann de na tuarascálacha sin bhí “Measúnú Riosca” i gcás go raibh sin iomchuí. Rinne an t-aonad na nithe seo a leanas freisin-

- Cuireadh i gcrích roinnt Imscrúduithe Speisialta.
- Leanadh le cur chun cinn choincheap an Bhainistithe Riosca.
- Leanadh le próiseas na seiceálacha iniúchta “Comhpháirtíocht Chonartha”.
- Bhí i dteagmháil leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil.
- Bhí i dteagmháil le Coiste Iniúchta na Comhairle.
- Lean den Chlár míosúil Seiceála ar Shuíomhanna Airgid agus ar Mheasúnú Riosca maidir leosan.
- Chuir an Plean Iniúchta Bliantúil 2009 isteach agus faomhadh é.

Rannóg Dlí

Cuireann an Rannóg Dlí seirbhís chuimsitheach intí ar fáil don Bhainisteoir Contae agus do gach ceann de Rannóga na Comhairle i ndáil le réimse feidhmeanna reachtúla leathana agus éagsúla, a áiríonn:-

- Comhairliúcháin le cliant-rannóga i ndáil le feidhmeanna reachtúla
- Comhairle a sholáthar do rannóga i ndáil le saincheisteanna ag eascairt ó chásdlí agus leis an gcreat rialála a rialaíonn údaráis áitiúla
- Oiliúint a chur ar fáil do Rannóga na Comhairle
- Ionadaíocht thar ceann na Comhairle ag eadráin agus ó bhéal dála Meitreo Thuaidh
- Déileáil le héadail agus diúscairt mhaoin na Comhairle lena n-áirítear
 - o Clubanna agus ionaid phobail/ceadúnais
 - o Léasanna tráchtála a bhaineann le suíomhanna tionsclaíochta na Comhairle
 - o Tíolachtaí de spásanna oscailte
 - o Ceannach amach cothromais
 - o Céad clárúcháin
 - o lasachtaí agus morgáistí
 - o Úinéireachtaí comhroinnte/ceannacháin tionóntaí/scéimeanna tithíochta deonacha
- Cásanna agus tionscnamh agus a chosaint sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt lena n-áirítear
 - o Sárúithe conarthaí,
 - o Díospóidí i ndáil le talamh,
 - o Bailiú fiacha lena n-áirítear rátaí a bhailiú, breithiúnais agus morgáistí breithiúcnaís, judgment mortgages, urghairí,
 - o Éilimh dlíteanais an fhostóra
 - o Athghabháil tithíochta toisc gan cíos/morgáiste a bheith á íoc nó toisc iompraíocht neamhshóisialta,
 - o Urghairí faoi alt 16o den Acht um Pleanáil agus Forbairt
 - o Imeachtaí athbhreithniú breithiúnach
 - o Imeachtaí sa Chúir Dúiche ar bhonn seachtainiúil i ndáil le nithe amháil cionta bruscair, pleanála, rialú madraí, truailliú aeir, fodhlíthe meisciúla, gnóthaí tithíochta toghairmeacha rátaí
 - o Dlithíocht faoi ghortú pearsanta
 - o Foghail agus núis.

Sa chomhthéacs eacnamaíochta reatha tháinig laghdú ar an líon idirbheart tíolachta agus méadú ar dhlíthíocht, agus déantar monatóireacht ar ualaigh oibre le soláthar éifeachtach seirbhísí dlí a chinntiú. Leanadh le hathbhreithniú agus cur i bhfeidhm córas bainistithe cásanna na rannóige le linn 2009, a bhí ina uirlis éifeachtach i bpróiseáil bhailiú rátaí agus caingean forfheidhmithe. Sa bhliain 2009, rinneadh athbhreithniú ar BFF agus cuireadh é i gcrích agus cuireadh oiliúint leanúnach ar fáil don fhoireann, a d'fhreastail ar raon leathan cúrsaí i réimsí na bainistíochta gairmiúla, an eolais dlí, T.F. agus cúram custaiméirí agus aghos.





OIFIG NA DTIONSCADAL

Tá Oifig na dTionscadal freagrach as príomhthionscadail bonneagair uisce agus fuíolluisce a sholáthar chun riachtanais fhadtéarma an Chontae agus an Réigiúin a chomhlíonadh.

Tá siad seo a leanas i measc na dTionscadal sin:

- Forleathnú ar Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin – Gearrliosta léiriú spéise comhlánaithe agus doiciméid tairiscintí seolta ar aghaidh chuig an RCORÁ.
- Conradh Líonra Bhaile Brigín agus na Sceirí – Réamh-oibreacha chun stáisiún caidéalaithe a dhearadh agus a thógáil ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, curtha faoi bhráid an RCORÁ lena bhfaomhadh agus lena dtairiscint a chur chun cinn.
- Ionad Cóireála Uisce Phort Reachrainn, Dhomhnach Bat, An Rois & Lusca– Conradh DBO faofa ag an RCORÁ agus an conradh le síniú go luath i 2010.
- Scéim Siltin Réigiúnach Bhaile Bhlaínséir – Réamhthuirisc comhlánaithe agus curtha faoi bhráid an RCORÁ, lena bhfaomhadh, go luath i 2009.
- Scéim Siltin Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath – Léiriú spéise fógartha in IOAE d’ullmhúchán Measúnaithe ar Láithreáin Malartacha (MLM) agus Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT).

Seo a leanas roinnt Tionscadal Comhlánaithe

- Scéim Chóireála Fuíolluisce Bhaile Brigín agus na Sceirí – Monarcha i bhfeidhm go hiomlán.
- Príomhlíonra Éiritheach Léim an Bhradáin agus Bhaile Cúlann – Cros-chónaisc idir an sean-phríomhlíonra agus an príomhlíonradh nua comhlánaithe
- Forleathnú ar ICFU Shord – Tuairisc Athbhreithnithe Dearaidh don uasghrádú go 90,000pe comhlánaithe

Seirbhísí Uisce

OIFIG DEARADH

Tá an Oifig Dearaidh freagrach as dearadh agus soláthar bhonneagar na seirbhísí uisce, scéimeanna maidir le soláthar uisce, fuíolluisce agus siltean uisce dromchla san áireamh chomh maith le faoiseamh tuilte, ar mhaithe le riachtanais leanúnacha an Chontae a chomhlíonadh. Tá na codanna maidir le Bainistíocht Forbartha agus Truailliú Uisce mar pháirt den Oifig Dearaidh.

Tionscadail Reatha

- Scéim Neartaithe Shord Thuaidh – Halla an Leasáin go Baile Shiurdáin – Tógáil leanúnach i 2009 le comhlíonadh sceidealaithe in Aibreán 2010.
- Scéim Forleathnaithe agus Méadaithe do Thaiscumar Mhullach Íde – Dréacht-dhoiciméid chonartha ullmhaithe agus aighneacht SLI curtha faoi bhráid an RCORÁ don Tionscadal.
- Scéim Sholáthar Uisce an Bharda – Aistríodh raon réamhchodanna ón bpríomhphíobán i 2009 i dtosach ar fhaomhadh don Scéim uile.
- Scéim Sholáthar Uisce Bhaile Bhrigín – Dréachtscéim réitigh curtha i láthair ag Sainchomhairleoirí i 2009.
- Tionscadal Bhá Bhaile Átha Cliath Conrad Uimh. 5 (Camras ó Bhinn Éadair a bhogadh go Stáisiún Caidéalaithe Chill Fhionntain) – Oibreacha ó shráidbhaile Bhinn Éadair go Bóthar Bhinn Éadair curtha i gcrích i 2009. An chuid den tionscadal a bhaineann le haistriú ó Bhóthar Bhinn Éadair go Cill Fhionntain leath-shlí tríd agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é i 2010
- Stáisiún Chaidéalaithe Thobar Boir agus Sheantrabh – Oibreacha iniúchadh láithreán curtha i gcrích ar Thobar Boir agus cruthófar dearadh sonraithe go luath i 2010.
- Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta ar Riosca Tuilte Fhine Gall agus na Mí Thoir(FEMFRAMS) – Obair leanúnach i 2009 agus tá eolas a aimsíodh ón Staidéar ag cabhrú leis an gcéad Phlean Forbartha Contae eile.



Seirbhísí Uisce

RANNÁN UM BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Tugann an Rannán um Bainistíocht Forbartha comhairle faoi riachtanais siltin do gach iarratas pleanála a chuirtear isteach, iarratais maidir le breis eolais san áireamh. De bhreis ar sin, deimhníonn an Rannán comhlíonadh le coinníollacha, tugann siad measúnú agus deimhniú ar fhritháireamh agus deimhniú maidir le córais chóireála fuíolluisce aonair atá ar an láithreán tógála.

Cinnlínte 2009

- Iniúchtaí agus tuairisc ón gCigireacht Innealtóireachta ar Chomhpháirtíocht Forbartha Bhealach Páirce Bhaile Brigín, Latchford, An Tobar Naofa, Baile an Phóirtéaraigh/Homeleigh agus Príomhshráid Chaisleán Chnuca
- Treoirínte maidir le “Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte” d’Údaráis Áitiúla Samhain 2009 a chur i bhfeidhm
- Comhghnás Forbartha curtha i bhfeidhm do dhobharcheantar Shord toisc sriantacht a bheith ar acmhainn shiltin bréan
- Idirchaidreamh leanúnach le Tuarascálacha Forbartha T2 an Aerfoirt agus freastal ar chruinnithe choiste idirchaidrimh FGAÁC
- Bainteach le forbairt ar Phleananna do Cheantair Áitiúla in Fosterstown Thuaidh, Ascaill Cheann Iúir, An Ros, Plean Dearaidh Uirbeach Bhaile Stiofáin, pleananna ceantair do bhruachbhailte i mBaile Gháire, Baile Bachaille, An Áil agus Baile Scadán, Máistirphlean Uirbeach Lár Bhaile Lusca agus Máistirphlean Forleathnaithe Bhaile Bhlainséir.
- Idirchaidreamh le sainchomhairleoirí ó Mheitreo Thuaidh agus Meitreo Theas



Seirbhísí Uisce

RIALÚ AR THRUAILLIÚ

Tá an Rannán um Rialú ar Thruailliú freagrach as ceadúnais a eisiúint de réir na nAchtanna um Thruailliú Uisce. Tá sé freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce in aibhneacha, lochanna agus uiscí inbhir sa Chontae agus as a chinntiú go ndéanfar gníomhú feabhais nuair is gá.

Ceannlínte 2009

- Leanadh le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm na Creat-treorach Uisce. I ndiaidh tréimhse léirithe poiblí sé mhí, leasaíodh Dréachtphlean Bainistíochta Abhantrach (DPBA) Cheantar Abhantraí Thoir (CAT) agus Clár na mBeart (CNB) mar fhreagra ar na hábhair cúraim a léiríodh. Glacadh leis an DPBA agus CNB ag cruinniú iomlán Comhairle de Chomhairle Contae Fhine Gall ar an 14 Meán Fómhair 2009.
- Tá an Córas um Bainistíocht Cáilíochta (QMS) don Rannán um Thruailliú Uisce i bhfeidhm.
- Leanadh le suirbhéanna feirme ar dhobharcheantair in Abhainn an Bharda agus Portach na Roinne.
- Rinneadh próiseáil ar gach iarratas maidir le ceadúnais thruailliú uisce laistigh den amscála 8 seachtaine, seachas nuair a bhí tuilleadh eolais le fáil.
- Cuireadh Plean Teagmhasach maidir le Doirteadh Ola faoi bhráid na nGardaí Cósta arna iniúchadh ag deireadh 2009.
- Cuireadh dhá stáisiún hidriméadrachta i bhfeidhm i 2009. Rinneadh iniúchadh ar bhreis súlomhanna agus cuireadh faoi bhráid an GCC arna faomhadh.

Seirbhísí Uisce

AN RANNÓG OIBRÍOCHTAÍ

Tá an Rannán Oibríochtaí freagrach as bainistíocht agus cothabháil na monarchana líonra agus cóireála uisce agus fuíolluisce sa Chontae.

Soláthar Uisce:

Ta dhá ionad cóireála ag Comhairle Contae Fhine Gall i Léim an Bhradáin agus Portach na Roinne, áit a ndéantar iomlán de 168 milliún lítear uisce óil a sholáthar gach lá. Déantar bainistíocht ar an líonra uisce trí chóras teiliméadrachta réigiúnach a athsheacadann an t-eolas faoi leibhéil thaiscumar, sruthanna agus brúnna ó láthair chianrialaithe agus, i gcomhar leis an gCóras Geografach Réigiúnach Faisnéise, tá príomhról aige sa bhainistíocht ar an líonra soláthair uisce. Déantar uisce a thástáil go rialta ag gach céim den phróiseas cóireála agus i rith an chórais dáilte ar fad chun comhlíonadh a chinntiú leis na caighdeáin Eorpacha agus Náisiúnta maidir le huisce óil.

Ceannlínte 2009

- Táirgeadh leanúnach d'ardcháilíocht uisce óil ó Léim an Bhradáin agus Portán na Roinne. Torthaí cáilíochta míosúla maidir le huisce óil foilsithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle do na hionaid chóireála agus príomhphíobáin dáilte.
- Cur i bhfeidhm leanúnach de na Rialacháin nua um Uisce Óil ina bhfuil uirlis thuariscithe chuig an GCC.
- Bainistíocht ardchaighdeáin, ina ndéantar tuairisciú chuig an GCC maidir le heachtraí éilithe in uisce óil.
- Rannán Sceite i bhfeidhm chun sceitheanna uisce a aimsiú agus a dheisiú ar fud an Chontae. D'ardaigh leibhéil taifeadta d'Uisce Neamh-mhínithe (UNM) i 2009, áfach.

Seirbhísí Draenála:

Tá dhá ionad cóireála fuíolluisce i bhfeidhm ag an gComhairle i Sord agus Mullach Íde agus déanann oibreoir príobháideach ag ionad Bharr na gCaorach freastal ar Bhaile Brigín agus na Sceirí thar ceann na Comhairle. De bhreis air sin, feidhmíonn an Chomhairle raon ionad cóireála níos lú a dhéanann freastal ar Phort Reachrann agus na sráidbháilte beaga. Déantar cóireáil ar fhuíolluisce ó cheantar Bhaile Bhlainséir ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa Rinn. Tá an Rannán Draenála freagrach as soláthar agus cothabháil ionad cóireála fuíolluisce agus córas bailiúcháin agus soláthar agus cothabháil leithreas poiblí.

Ceannlínte 2009

- Leanúint leis an gclár cothabhála coiscteach i 2009 ag díriú ar líonra Mhullach Íde.
- Oibreacha tosaithe ar ionad Cóireála Fuíolluisce Shord de bharr tuairisce ó Shainchomhairleoirí Boladh le bheith curtha i gcrích i 2010.
- Ceadúnas Silídh do na ICFU ag Port Reachrann agus Barr na gCaorach faighte ón GCC.
- Córas éigeandála 'ar ghlaó dualgais' d'fhoirne draenála agus Cigirí curtha i bhfeidhm i 2009.

Seirbhísí Uisce

RANNÁN UM SHAOTHAR DÍREACH

Tá an Rannán um Shaothar Díreach freagrach as soláthar bonneagair nua nó athsholáthair go díreach nó trí chonraitheoirí ón gCreat-chomhaontú.

Ceannlínte 2009

- Athchuireadh thart ar 8,328 méadar de príomhphíobáin uisce sa Chontae i 2009 trí mheascán de scéimeanna beaga uisce arna gcur i bhfeidhm ag foireann an FCC, agus scéimeanna eile a bhí níos mó arna cuireadh i bhfeidhm ón gCreat-chomhaontú.
- Dhá stáisiún hidreaméadrachta, arna éileamh ag an GCC ag Baile Gháire agus Baile Bachaill, tógtha ag an bhfoireann saothair dhíriigh.
- Rinneadh an príomhphíobán uisce caidéalaithe ó thaiscumar Bhaile Shiurdáin go taiscumar Bhaile Phámar a athchur i 2009.
- Aistríodh an séarach bréan ó Sheanbhóthar an Aerfoirt agus, in éineacht leis an obair seo, athchuireadh príomhphíobán uisce agus gáis mar pháirt de na hoibreacha ar fad chun brú tráchta a íoslaghdú.

Seirbhísí Uisce

AN RANNÁN RIARACHÁIN

Tá an Rannán Riaracháin freagrach as bainistíocht phrótacal cumarsáide na Seirbhísí Uisce agus tá sé freagrach chomh maith as bainistíocht airgeadais sa Roinn.

Ceannlínte 2009

- Cuireadh an treoirthionscadal Chaomhnú Uisce i gcrích in dhá scoil i bhFine Gall – Scoil Náisiúnta Naomh Mochtán agus Coláiste Choilm, Sord agus cuirfear an tuairisc dheireanach ar fáil do gach príomhoide scoile agus don Roinn Oideachais.
- Idirchaidreamh leanúnach le Earth Tech Irl. Teo ag oibriú Ionad Cóireála Fuíolluisce Bharr na gCaorach.
- Chabhraigh Roinn na Seirbhísí Uisce san Achoimre ar Scéim do Ranníocaíocht Forbartha 2004-2009 agus in ullmhúchán na scéime nua do ranníocaíocht forbartha i 2009.
- Rinneadh próiseáil ar 150 iarratas do chónaisc shéarach i 2009.
- Líon iomlán de 52 ceist, 24 rún and 5 mhír cheannteidil pléite ag cruinnithe Comhairle/Coiste i rith 2009.
- Prótacal Cumarsáide na Comhairle curtha i bhfeidhm i rith mhúchadh uisce sna háiteanna seo a leanas:

Ceantar Bhinn Éadair	Feabhra 2009
Ceantar na Sceirí	Iúil 2009
Ceantar Bhéal Átha Liag	Lúnasa 2009
Ceantar Caisleán Chnuca, Baile Átha Cliath 15	Meán Fómhair 2009
An Bárda Baile an Gháire	Meán Fómhair 2009
Eastát an Abhalloirt An Seanbhaile	Meán Fómhair 2009

- Eisíodh preaseisiúintí i rith na bliana seo maidir le:
 - * Foilsiú Tuairisce maidir le Cáilíocht Uisce Óil an GCC
 - * Leibhéal an uisce cruá i bhFine Gall.

Seirbhísí Uisce

COISTE NA BPOLASAITHE STRAITÉISEACHA

Chruinnigh Coiste na bPolasaithe Straitéiseacha (C.P.S.) lena chéile dhá uair i 2009. Áirítear Baill Thofa ón gComhairle sa choiste chomh maith le hionadaithe ó raon leathan leas Earnála ar nós C.F.G.É, F.A.É agus ionadaí ón bhFóram Pobail agus Deonach.

Príomhról an C.P.S. ná forbairt agus breithniú a dhéanamh ar iarmhairt polasaí, agus cuirtear faoi bhráid cruinniú iomlán den Chomhairle Contae ansin é lena fhaomhadh.

I rith 2009 chuir Roinn na Seirbhísí Uisce iad seo a leanas faoi bhráid an C.P.S.

- Tionscadal an Cheantair Abhantraí Thoir, Clár na mBeart agus Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta ar Riosca Tuilte Fhine Gall agus na Mí Thoir (FEMRAMS)
- Tuairisc d'Eolas Chun Dála ar Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta ar Riosca Tuilte Fhine Gall agus na Mí Thoir (FEMFRAMS).

Rinneadh tuairisc ar an tionscadal caomhnú uisce in dhá scoil sa Chontae.

EOCHAIR-THÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA /TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE NÁISIÚNTA

Gearáin maidir le truailliú uisce:

	2007	2008	2009
Líon na nGearán/ Eachtraí aimsithe/ sonraithe.	61	80	52
Líon imscrúduithe	61	80	52
Líon na ngearán a réitíodh gan gá le haon bheart eile	1	17	39
Líon na ngás forfheidhmiúcháin (Alt 12) a cuireadh i bhfeidhm	8	6	7
Líon na n-ionchúiseamh tosaithe	0	0	0
Ionchúisimh réitithe go rathúil	0	0	0

EOCHAIR-THÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

% na bpríomhphíobán uisce a phléasc agus ar réitíodh an soláthar uisce laistigh de:

	2007	2008	2009
12 Uair	93.43%	95%	91.2%
24 Uair	3.47%	4%	3.15%
Níos mó ná 24 Uair	3.10%	1%	5.65%

Seirbhísí Uisce

% na samplaí uisce a chomhlíonann na Rialacháin d'Uisce Óil

	2007	2008	2009
Léim an Bhradáin	99.72%	100%	100%
Portán na Roinne	100%	100%	100%
Líonra Dáilte	100%	100%	100%

Leibhéil an Uisce Neamh-mhinithe (UNM)

	2007	2008	2009
UNM	23.57%	21.62%	27.35%

% comhlíonta le Rialacháin maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbeach

	2007	2008	2009
ICFU Shord	76.80%	71.80%	77.30%
ICFU Mhullach Íde	92.00%	78.85%	81.76%
ICFU Phort Reachrann	77.33%	90.88%	58.83%
ICFU Sráidbhailte	91.13%	91%	75.45%
ICFU Bharr na gCaorach	N/A	N/A	100%

	2007	2008	2009
Scéitheadh Chamrais ó Stáisiúin Caidéalaithe	75	25	58

Fad na bPríomhphíobán Uisce a Athchuireadh

	2007	2008	2009
Méadair phríomhphíobán uisce athchurtha	7,427	20,868	8,328



AN ROINN POBAIL, CULTÚRTHA AGUS SPÓIRT

Tá na gníomhartha agus cláir oibríochta sna hOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíona léirithe thíos comhcheangailte go dlúth lena chéile toisc go n-aithnítear go bhfuil gach ceann acu bainteach le forbairt comhphobail go bunúsach.

OIFIG AN PHOBAIL

Tá Oifigí Forbartha Pobail na Roinne tar éis obair a dhéanamh ar raon clár agus thacaigh siad le raon leathan eagraíochtaí pobail i rith 2009. Tá seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus chomhairleach á soláthar do chomhlachtaí pobalbhunaithe ar fud an Chontae.

Bhí na 5 aonad laistigh d'Oifig an Phobail lárnach i soláthar raon Clár agus gníomhartha i 2009 ag obair le 104 grúpa tosaíochta ar bhonn míosúil. Bhí na hOifigí Phobail bainteach i bpróiseas comhairleoireachta pobail suntasach d'fhorbairt Phlean Straitéiseach 5 bliana.

Aonad Na dTionscadal Caipitiúil

Tá ról suntasach ag an aonad seo in ullmhúchán pleananna gnó agus oibríochta, in acmhainn an phobail a fhorbairt agus i mbainistíocht áiseanna pobail. Bhi an príomhfhócas i 2009 dírithe ar riachtanais phobail sa phróiseas dearaidh de raon áiseanna comhtháite, e.g. i mBaile Fíobail agus Ongar, a éascóidh raon leathan gníomhartha pobail.

Saothraíodh Lámhleabhar de Ghnásanna Soláthar Foirne agus Oibríochta do Shamhail Scoileanna Fhine Gall d'Áiseanna Comhtháite chomh maith.

Aonad Forbartha Pobail

I 2009, sholáthraigh an tAonad seo seirbhísí tacaíochta, oiliúna, eolais agus meantóireachta do ghrúpaí deonacha, d'oibrigh siad ar 2 thuairisc Anailís Riachtanach, thacaigh siad le 2 thionscadal "Planning for Real" agus le 17 gcumann cónaithe reatha agus 13 chumann cónaithe nua agus grúpaí Bainistíochta Eastát.

Aonad Tacaíochta d'Áiseanna Pobail

Bunaíodh an tAonad seo chun tacaíocht a thabhairt agus chun cur ar chumas choistí bainistíochta d'Ionaid Phobail a ról a chur a bhfeidhm go héifeachtach agus soláthraíonn sé eolas, oiliúint, meantóireacht, comhairle agus samhail dea-chleachtais i raon disciplíní.

An tAonad Forbartha Líonra

Ról an Aonaid seo ná spreagadh, neart agus tacaíocht forbartha a thabhairt do líonraí ar fud Fhine Gall. I 2009 thacaigh an tAonad leis na líonraí Timpeallacht Eitneach agus Seanóirí agus Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

An tAonad Cistithe agus Eolais

I 2009 chuir an tAire Imeasctha €135,000 ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh imeasctha trí Scéim um Chistiú Imeasctha na Comhairle. Cuireann an Clár Tionscadal Samhraidh cistiú ar fáil do Ghrúpaí Pobail ghlac níos mó ná 4,000 daoine óga páirt i 2009.

Cistiú a Soláthraíodh d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha i 2009

Ceantar	Cistiú gníomhartha	Tionscadail Samhraidh	Iomlán
Baile Brigín/Sord	€2,034	€21,665	€23,699
Caisleán Chnuca/Mullach Eadrad	€10,860	€25,160	€36,020
Binn Éadair/Mullach Íde	€3,475	€4,300	€7,775
Contae (comhiomlán)	€16,369	€51,125	€67,494

AN OIFIG SPÓIRT

Tá an Oifig Spóirt tar éis a bheith páirteach i raon clár spóirt agus gnímh fhisicigh le caitheamh na bliana seo caite agus oibríonn sé go dlúth agus go comhthreomhar leis an Oifig Phobail. Seo a leanas na príomhchláir:

Sporting Fingal F.C.

Tá an Oifig Spóirt tar éis obair le Sporting Fingal, ina bhfuil scairsheibhe 26% ag an gComhairle, chun páirtíocht níos mó a chothú i spóirt agus chun naisc bhreise a fhorbairt le gach earnáil dár bpobal. Tharla comhoibriú ar leith nuair a cruthaíodh na foirne Sporting Fingal d'Oilimpeacha Speisialta agus Powerchair. Rinne an Oifig comhoibriú chomh maith leis an gClub chun peil a úsáid mar mheán chun naisc dhlútha a chruthú le daoine óga agus scoileanna



Iontaobhas Pobail Sporting Fingal

Chruthaigh Sporting Fingal FC Iontaobhas Pobail Sporting Fingal mar ghéag carthanachta dá n-oibríochtaí. Tá an Oifig tar éis tacaíocht a thabhairt don Iontaobhas, a úsáideann cumhacht an spóirt agus, go háirithe, an pheil chun leanaí, daoine óga agus daoine fása a spreagadh chun lán a gcumas a shroicheadh. Oibríonn an Iontaobhas i gcomhpháirtíocht le raon Gníomhaireachtaí chun a gcláir a sholáthar agus na príomhhaidhmeanna atá aige na chun oilteacht oideachais a mhéadú, tacú le hoideachas agus traenáil, páirtíocht níos mó sna spóirt a chothú, iompraíocht frithshóisialta a dhímholadh, foghlaim Ar Feadh an tSaoil a chothú, feasacht ar thábhacht sláinte agus folláine a mhéadú agus tacú le himeascthadh sóisialta. Mar aon leis an Oifig Pobail, oibríonn an Oifig Spóirt go dlúth leis an Iontaobhas chun comhspricanna a bhaint amach.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

Clár Comhoiriúnaithe Spóirt (Sportscon)

Lean an Oifig lena gclár Sporstcon i mBunscoileanna. Dírionn Sportscon go príomha ar leanaí idir 6-9 mbliana d'aois agus múntear scileanna spóirt bunúsacha ann ar bhealach a ligean dóibh barr feabhais a bhaint amach ag a leibhéal féin. Chiollaigh sé seo gur mhéadaigh muinín agus féinmheas na leanaí, agus go raibh a n-aighe níos dírithe sa rang, chomh maith le cur lena gcumais sa spórt. Tá an comhról ag Cóitseálai Sportscon, a ndearnadh comhchistiú air leis an CGO Chontae Átha Cliath, an clár a sholáthar do leanaí chomh maith le hoiliúint a thabhairt do mhúinteoirí, ionas gur féidir a chur ar a gcumas Sportscon a thabhairt isteach ina seisiúin C.O. Cuireadh oiliúint Sportscon ar fáil do cheannairí deonacha na dTionscadal Samhraidh.

Spórt Scoile & Óige

Tá an Oifig tar éis tacaíocht agus acmhainn a thabhairt do na cláir Buntús, Sacair, Badmantain, Cispheile agus Gailf i mBunscoileanna agus tá roinnt chlár Buntús tosaithe acu ag leibhéal naíonra. I rith 2009, d'eagraigh an Oifig blitzchomórtais Sacair agus Clíbrugbaí, léig chruicéid laistigh, ócáidí trastíre do Bhunscoileanna agus blitzchomórtais badmantain scoile. Cláir spóirt don bhliain i Limistéir Shainithe iad Futsal, sacar do Chailíní, agus clár snámha do Bhunscoileanna. Cuireadh tionscnamh Sacair Déanach ar bun i gceithre shuíomh, arbh aidhm dóibh aosaigh óga a spreagadh agus iad a chur ag déanamh caitheamh aimsire dearfach. Cuireadh tionscadal "kidgloves" ar bun, a bhí dirithe ar bhuachailli agus cailíní ó aois 9-13, chun iad a thabhairt isteach chuig spórt na dornálaíochta. Ba í an Oifig chomh maith a bhí freagrach as bronnadh na nDeontas do Spóirt Óige ón gComhairle Spóirt.

Clár Oideachais do Chóitseálaithe

Thacaigh an Oifig le raon cúrsaí Oideachais do Chóitseálaithe/Réiteoirí ó Choistí Náisiúnta Rialaithe agus oiliúint Scileanna Éigeandála (garchabhair) d'oibrithe deonacha. Bhí an Oifig i gceannas don bhliain chomh maith ar Chód Eitice agus Dea-chleachtais na Comhairle Spóirt do spóirt leanai, agus cúrsaí d'Oifigigh Leanai.

Cláir Ghníomhartha

Chuir an Oifig gníomhartha ar bun i 2009 a d'áirigh raon clár snámha d'aoisigh, treoirlár ghailf dhá mhaide, club Badmantain Maidine do Mhná, clár Rannpháirtíochta do Thaistealaithe agus Trí-atlán Ráide Fhine Gall.

Forbairt Spóirt Chomhchistithe

Déanann an Oifig comhchistiú ar 5 Oifigeach Forbartha Pobail sa Pheil leis an F.A.I., 1 Oifigeach Forbartha Rugbaí le R.F.U Laighean, 1 Oifigeach Forbartha Leadóige páirtaimseartha, i gcomhar le Leadóg Éireann, agus Oifigeach Forbartha Cruicéid le Comhaontas Cruicéid Éireann.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí



Mná sa Spóirt

Rinne an Chomhairle Spóirt comhchistiú ar chláir ar nós blitzchomórtas camógaíochta, Peil Ghaelach do Chailíní, Damhsa Hip-Hop agus Exercise Energise – clár do Mheánscoileanna dírithe ar chailíní idir 12-14 bliana d’aois nach nglacann páirt i spóirt nó gníomhartha fisiceacha eile de ghnáth.

Spóirt Mhíchumais

Chuir an Oifig clár traenála “Be Active Be Inclusive” ar fáil, a sholáthraigh traenáil do ghníomhartha spóirt agus fisiceacha do chúramóirí agus oibríthe deonacha a oibríonn le daoine atá faoi mhíchumas.

Corn Harmony

Bhí 4 chatagóir ag an gcraobh sacair cuiridh seo, ar chuir an Chomhairle ar bun i 2009, ina raibh – buachaillí, cailíní, Oilimpeacha Speisialta agus Powerchair.

Líonrú agus Forbairt Straitéisí

Bhí an Oifig i láthair ag Líonra Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil na Comhairle Spóirt – Cruinnithe ráithiúla agus cuireadh breithniú straitéise i bhfeidhm agus tosaíodh ullmhúcháin do straitéis spóirt don Chontae.

OIFIG NA NEALAÍON

Ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhartha cultúrtha laistigh d’Fhine Gall.

Deontais Ealaíne

I 2009, bhronn Oifig na nEalaíon os cionn €17,200 ar ghníomhartha Ceoil, Drámaíochta, Ealaíona Físeacha agus Ealaíona Traidisiúnta sa Chontae. Bronnadh iomlán de €16,500 ar Fhéilte Ealaíon Pobail agus Féilte Ceoil Traidisiúnta. Bronnadh €807,000 eile go díreach ar an dá Ionad Ealaíon sa Chontae, Draíocht i mBaile Bhlainséir, agus Ionad Cultúrtha Shéamus Ennis, san Áil. An líon iomlán cistithe dáilte ag an Oifig i rith na bliana ná €1,791,900.

Ionaid Chultúrtha

Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall leis ag caomhnú an tsaoil chultúrtha agus ag soláthar rochtain phoiblí ar na hEalaíona i bhFhine Gall trí fhorbairt leantach ar a dhá Ionad Chultúrtha. Is leis an gComhairle an dá Ionad agus is iad siúd a chistíonn iad.

- Draíocht: ionad ilchuspóireach Ealaíon, ina bhfuil dhá amharclann dhá dhánlann agus áiseanna cruinnithe. Cuireann an tIonad raon iomlán d’ócáidí amharclainne, damhsa, Ealaíon Físeach agus cláir oideachas pobail agus for-rochtana

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

- Ionad Cultúrtha Shéamus Ennis; suite san Ail, is ionad ealaíon traidisiúnta é go príomha, ar aidhm dó forbairt agus cothú a dhéanamh ar thraidisiúin uathúla Fhine Gall agus tógáil ar leagáid Shéamus Ennis. Cuireann an dá ionad seo raon deiseanna ar fáil chun réimse leathan gníomhartha Ealaíon a bhlaiseadh in a bpobail áitiúla i rith 2009.

For-rochtain agus Oideachas

Eochair-chuspóir de chuid na hOifige ná rochtain chothrom a sholáthar don phobal ar ghníomhartha Ealaíon agus páirtíocht a spreagadh i ngach gné de na hEalaíona i bhFhine Gall. Chun gur féidir páirtíocht leathan a spreagadh sna hEalaíona, téann an Oifig i gcomhar le scoileanna, grúpaí pobail agus comhlachtaí reachtúla chun cláir ardchaighdeáin ceardlann agus ealaíontóirí cónaithe a sholáthar.

I 2009, tosaíodh taighde ar Pholasaí Óige agus Oideachais, ina raibh comhairliúchán leathan i gceist.

Ealaíontóirí Cónaithe: Cuireadh 4 thionscadal dhá sheachtain déag agus 4 thionscadal bliana sa Damhsa, Drámaíocht agus Ealaíona Físeacha ar bun i 2009.

Team Educational Theatre Company : d'fhreastail siad ar 5 iar-bhunscoil

Ceardlanna Grianghrafadóireachta: cuireadh ar bun iad i 4 iar-bhunscoil agus an mbuaicphointe ná taispeántas i gCaisleán Shord i Nollaig 2009.

'Song School' : Sholáthraigh siad cúrsa ceoil idirghníomhach i 2 iar-bhunscoil.

Cuireadh Clár Meantóireachta do Mhúinteoirí sna hEalaíona Físeacha ar bun i 2 bhunscoil.

Ealaín Phoiblí

I rith 2009, scríobhadh Dréachtpholasaí Ealaíne Poiblí chun dea-chleachtas sa choimisiúnú agus treoirlínte praiticiúla dá oiriúnú laistigh den údarás áitiúil a léiriú. Sa chroísheimineár comhairleoireachta fuarthas comhairle ó chleachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tionscadail Ealaíne Poiblí a bhí ar siúl i rith 2009 iad seo a leanas:

Tattered Outlaws of History (Iúil/Lún) – ealaíontóirí Dan Dubowitz & Fearghus O'Conchúir. Mheall an ócáid scannánaíochta seo, a bhí ar bun i dTúr Martello sna Sceirí, aird an tslua agus na meán.

Sending Letters to the Sea (Samhain) – ina raibh an t-ealaíontóir, Mark Garry, ag obair i gcomhar le raon ceoltóirí chun albam a sheoladh. Buaicphointe an tionscadail ab ea an léiriúchán in Eaglais Naomh Columba, Sord.

Tree of Life (Nollaig) – cuireadh obair de chuid an ealaíontóra Vincent Browne isteach i mí an Mheithimh ar Bhóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir agus seoladh é i mí na Nollaig



Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

Tionscnaimh Ealaíne Eile i rith 2009 iad seo a leanas:

Lá Tarraingthe: (Aibreán/Bealtaine) cláraithe i gcomhar leis an Oifigeach Óige agus Oideachais ag Farmleigh House.

I rith 2009, tharla an 6ú Féile Ealaíon Idirnáisiúnta do Leanáí, Spréacha, ag Draíocht. Roinn Oifig na nEalaíon agus Draíocht a gcuid saíneolais agus acmhainní chun an ócáid rathúil seo a phleanáil. Tháinig compántais idirnáisiúnta ón Eoraip chun an ócáid a chur i láthair, ócáid a bhí ar siúl i mí an Mheithimh os comhair sluaite mór.

I 2009, tharla an 6ú Amharc Fingal bliantúil i nDraíocht, ina raibh saothair de chuid beirt chéimithe Ealaíon ó Fhine Gall. Bhí an taispeántas darbh ainm ‘Bright Beginnings’ eagraithe ag foireann Oifig na nEalaíon, agus chuaigh sé ar taispeáint i nDraíocht. Beidh Taispeántas na gCéimithe ina hócáid bhliantúil anois, rud a thabharfaidh an deis d’ealaíontóirí nua-cháilithe a gcuid saothar a chur ar taispeáint i nDraíocht.

Aonad na nÁiseanna Pobail Comhtháite agus Tionscadal Caipitiúil

I rith 2009, lean an tAonad seo leis ina ról stiúrtha i bhfeasacht a scaipeadh i measc forbróirí faoin tábhacht agus an buntáiste tráchtála a ghabhann le inbhuaíne pobail nua a chothú, trí sholáthar áiseanna, agus go gcuirtear san áireamh iad i gcónaí nuair a bhíonn pleananna á gcruthú.

Chun an leas iomlán a bhaint as Tobhaigh Forbartha do phobail, is ann don Aonad seo chun dul i gcomhar go dlúth le Pleanálaithe, Forbróirí, Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus an pobal go ginearálta.

Bhí an Rannán páirteach chomh maith in rochtain pobail níos fearr ar, agus úsáid níos fearr as, áiseanna scoile a chothú. De bhreis air sin, tá ról suntasach ag an Rannán fós i gcabhrú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta foirgnimh nua scoile a sholáthar trí idirbheartaíocht dhíreach a dhéanamh agus trí shuíomhanna nua a ghnóthú sa chontae.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

RANNÁN NA LEABHARLANN

Tá ocht leabharlann fhadtéarma brainse i gceist le Leabharlanna Chontae Fhine Gall i mBaile Brigín, Baile Dúill, Baile Bhlainséir, Baile an Gháire, Binn Éadair, Mullach Íde, Sord, agus na Sceirí. Freastalaíonn an tseirbhís Leabharlann Taistil ar 53 suíomh ar fud an chontae ar bhonn seachtainiúil. Cuireann Leabharlanna Chontae Fhine Gall seirbhís ar fáil do dhaoine nach féidir leo a dtithe a fhágáil. Rinneadh athshuí ar an bhforoinn Staidéir Áitiúla/Cartlann go Teach Chluain Meala, Sord.

Úsáid na Leabharlann

	2008	2009	% d'athrú
Earraí ar iasacht	1,150,063	1201,342	+4.46%
Iasachtaithe cláraithe	86,200	88,616	+2.80%
Úsáid an Idirlín	102,863	96,984	-5.72%
Cuairteanna go suíomh gréasáin	31,196	33,571	+7.61%

Leabharlann an Rois

Tá an atógáil agus an t-athchóiriú ar Eaglais Naomh Maur (pic, ar chlé) go leabharlann phoiblí curtha i gcrích. Táthar ag súil go n-osclofar an leabharlann san earrach de 2010.



Staidéir Áitiúla agus Cartlann Fhine Gall.

Ar an 19ú Lúnasa d'oscail Méara Fhine Gall, an tUas. Ciarán Byrne, an áis nua do Staidéir Áitiúla agus Cartlann Fhine Gall i dTeach Chluain Meala, Sord. Ó bogadh é ó Chearnóg Pharnell go Sord, tá an dream ar spéis leo taighde a dhéanamh ar stair Thuaisceart Chontae Átha Cliath nó ar stair a gclann an-sceitimíneach faoi agus tá ag éirí go hiontach ar fad leis an ionad.



Colm McQuinn, Cartlannaí Chontae Fhine Gall – An Comhairleoir Ciarán Byrne Méara Fhine Gall agus an Dr. David Craig, Stiúthóir na Cartlainne Náisiúnta.

I mí na Samhna, fuair an tseirbhís spreagadh iontach nuair a tugadh bronntanas de chnuasach suntasach páipéar clainne ó In. Caroline Harlow agus In. Fiona Selway, na baill clainne atá fágtha as an gclann Hely-Hutchinson, clann a bhfuil fréamhacha acu i Sord, Halla an Leasáin, Domhnach Bat, Newport, Gort na Mara agus Inbhear an Mhóinéir Leathain.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

Beidh Cnuasach Hely-Hutchinson ina acmhainn iontach d'éinne ar spéis leo stair agus oidhreacht Fhine Gall.



Colm McQuinn, Cartlannáí Chontae Fhine Gall – Paul Harris, Leabharlannáí Chontae Fhine Gall – In. Fiona Selway – An Comhairleoir Ciarán Byrne, Méara Fhine Gall – In. Caroline Harlow – An tUas. Peadar Bates agus An tUas. David O'Connor, Bainisteoir Chontae Fhine Gall.

Leabhair i dTeangacha Iasachta

Tá dream idirnáisiúnta atá ina gcónaí agus ag obair i bhFhine Gall ag úsáid ár leabharlann agus, chun a riachtanais a chomhlíonadh, cuirtear leabhair ar fáil i raon teangacha. I mbliana, tógadh 5760 leabhar do dhaoine fásta agus 1547 leabhar do dhaoine óga ar iasacht a bhí i dteanga iasachta – an teanga is coitianta dóibh ná an Pholainnis. Is ardú beag é seo ar 2008.

Ionad Europe Direct

Is nasc áitiúil é Ionad Europe Direct i mBaile Bhlainséir leis an Eoraip do shaoránaigh Fhine Gall. Soláthraíonn sé rochtain ar eolas, saor in aisce, ar réimse leathan topaicí ag baint úsáide as PC tiomnaithe, seirbhís gutháin saor in aisce, bileoga eolais, leabhráin agus irisleabhair.

Ócáidí 2009

Cuireadh 3143 ócáid agus gníomh saor in aisce ar bun i Leabharlanna Chontae Fhine Gall i 2009. Áirithe iontu bhí Clubanna Leabhar, Grúpaí Scríbhneoireachta Cruthaithí, Grúpaí do Thuismitheoirí agus Mamailínigh, Seimineáir Ghnó, Grúpaí Grianghrafadóireachta, Comórtais agus Taispeántais.

Cuireadh ranganna Ríomhaireachta, Ealaíne, Teanga, Ginealais, Ceoil agus Grianghrafadóireacht Dhigiteach ar fáil.

Ghlac Leabharlanna Fhine Gall páirt i ngach ócáid a bhí bainteach le leabharlanna náisiúnta i 2009. Áirithe ansin bhí Seachtain Leabharlann Éireann, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta, Seachtain Leabhar na Leanaí agus Seachtain Eolaíochta na hÉireann.

Féile Léitheoirí agus Scríbhneoirí- Ócáidí ar nós ceardlanna scríbhneoireachta, ceardlanna scríbhneoireacht scáileáin, léamh filíochta agus lá do léitheoirí agus scríbhneoirí a chuimsigh gnéithe éagsúla den scríbhneoireacht. Baineadh ard-taitneamh as.

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

Leabharlann Mhullach Íde: rinneadh comóradh céad bliain uirthi i 2009 le raon leathan taispeántas, cainteanna agus seimineáir agus a buaicphointe le George Hook ag cur a chláir raidió “Talk Time ar Newstalk 106FM” i láthair ón leabharlann féin.

Bealtaine – Ócáid bhliantúil í seo ag ceiliúradh cruthaitheachta i ndaoine breacaosta agus leanann sí léi ag fás gach bliain. I 2009 d’eagraigh Leabharlanna Fhine Gall Tráthnóna Filíochta, Ceardlanna Ealaíne agus seisiún Bláthchóirithe.

Ranganna ealaíne i mBaile Bhlainséir

Féile Leabhar na Leanaí – Is féile náisiúnta léitheoireachta leabhar i seo agus is ceann de na hócáidí is mó sa bhliain í.

Ag cruthú leabhar i Leabharlann Bhaile an Gháire

Seachtain Eolaíochta na hÉireann – Cuireann sí seo ábhair eolaíochta chun cinn agus cabhraíonn sí feacht níos leithne ar an gcomhshaol a chruthú.



Snowy an ulchabhán ag feitheamh ar chuairt ranga i Leabharlann Mhullach Íde

		2009	2008	2007
L.1	Meánlíon na n-uaireanta oscailte don phobail do leabharlanna lánaimseartha	48.93	48.93	46.1
	Meanlíon na n-uaireanta oscailte don phobal do leabharlanna páirtaimseartha (i gcás gur ann dóibh)	29	29	3
L.2	Líon na mball leabharlainne cláraithe mar % den daonra áitiúil (Daonáireamh 2006)	36%	36%	36%
	Líon na n-earraí eisithe in aghaidh an chinn don daonra (ar fud an chontae/na cathrach) do:			
	(a) Leabhair	3.98	3.84	3.51
	(b) Earraí eile	1.03	0.97	0.87
L.4	% na Leabharlann a chuireann idirlíon ar fáil don phobal	100%	100%	88%
L.5	Líon na seisiún idirlíon a soláthraíodh do gach 1000 sa daonra	404.10	428.61	461.48
Táscairí Áitiúla	Caiteachas ón gciste leabhar per capita	7.18	5.83	6.63
	Cuairteanna ón bpobal ar Leabharlanna Fhine Gall	1,003,683	986,988	826,472
		+1.69%		

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí



RANNÁN NA bPÁIRCEANNA

Tá Rannán na bPáirceanna freagrach go príomha as pleanáil, soláthar agus caomhnú thart ar 5,000 acra (2,000 Ha.) de spás oscailte poiblí i bhFine Gall. Déanann an rannán bainistíocht ar pháirceanna réigiúnacha agus comharsanachta, tithe stairiúla agus áiseanna spóirt ar fud an Chontae

Soláthraíonn an Rannán deiseanna suntasacha caitheamh aimsire agus fóillíochta do lucht cónaithe Fine Gall agus cuairteoirí araon. Tá sé timpeallaithe chomh maith ag limistéir teorainn an-chuid den líonra mótarbhealaigh sa Chontae. Cuireann an Rannán seirbhísí comhairleoireachta/dearaidh ar fáil do Rannáin Chomhairle eile chomh maith le hoibreacha nuair a iarrtar orthu.

Curtha i gCrích i 2009

Clóis Súgartha - I rith 2009 osclaíodh clós súgartha agus áiseanna ábhartha ag Achadh Feá, Cluain Saileach.

Fógraí do Dheochanna Meisciúla - Eisíodh líon iomlán de 81 Fógra Íocaíochta Seasta faoi Fhodhlíthe na Comhairle maidir le Deochanna Meisciúla.

Eolas ar bhithéagsúlacht - Rinneadh oibreacha suntasacha ar Fhóraois Fine Gall/Coillte Thuirbhe agus leanadh le Plean Bithéagsúlachta d'Fine Gall.

Oibreacha Crann - Cuireadh clár cur crann lánsráide i gcrích i rith an chláir oibreacha geimhrídh, chomh maith le hoibreacha feabhais ar chrainn bunaithe ar ghearáin agus éigeandáil. Leathnaíodh córas nua bainistíochta crann Ezy-Tree i rith 2009.

Diméin Sheantraibh - Leanadh le hoibreacha ar athchóiriú na Diméine, oibreacha ar nós oibreacha plandaithe agus an gairdín fálaithe.

Páirc Réigiúnach Ghleann na Life – Oibreacha Feabhsúcháin Naomh Caitríona. – Cuireadh na hoibreacha i gcrích le soláthar páirceanna spóirt nua sa pháirc seo.

Diméin Mhullach Íde - Tosaíodh scéim feabhsúcháin, ar tugadh deontais shuntasacha, ar Dhiméin Mhullach Íde i rith 2009 rud a léireoidh, nuair a chuirfear i gcrích iad, feabhas suntasach ar an gCaisleán, Luibhghairdíní agus Áiseanna do Thurasóirí.

Páirceanna Réigiúnacha Bainistithe agus Caomhnaithe:-

- Diméin Ard Giolláin, Baile Brigín
- Diméin Mhullach Íde, Mullach Íde
- Teach agus Diméin an Droichid Nua, Domhnach Bat
- Gleann Abhainn an Bharda
- Gleann na Tulchainn
- Diméin Sheantraibh
- Páirc Ghleann na Life – Naomh Caitríona

Fóillíocht, Pobail agus Conláistí

Tarraingtí Cuaireora Curtha ar fáil

Tá raon leathan de tharraingtí cuairteora soláthraithe agus bainistithe ag Rannán na bPáirceanna ar fud an Chontae. Tá lubhgháirdíní fairsinge chomh maith i Diméinte Mhullach Íde agus Ard Giolláin. Bíonn turais threoraithe ar siúl go rialta go foirgnimh stairiúla Fhine Gall. , chomh maith le feirmeacha traidisiúnta sa Droichead Nua, agus Iarnród Mionsamhlach Fry (bainistithe ag Turasóireacht Átha Cliath) i Mullach Íde, agus Ionad Oidhreachta Tionsclaíoch Mhulte Sceirí. Tá roinnt seomraí tae agus siopaí caife suite ar fud an Chontae chomh maith agus áiseanna móréilimh iad don phobal áitiúil agus cuairteoirí araon.

Clóis Súgartha

Cuireadh clóis súgartha i bhfearainn páirce suntasach ar fáil agus caomhnaíodh iad ag seacht suíomh ar fud Fhine Gall, amhail Diméin Ard Giolláin, Diméin Sheantraibh, agus Páirc Bhallaí Robac, Port Mearnóg. .

Áiseanna Spóirt

- Rinneadh cothabháil ar líon iomlán de 175 páirc do raon leathan spóirt dála lománaíochta, Camógaíochta, haca, Peil Ghaelach, Sacair, Rugbaí agus peil Mheiriceánach.
- Bhí 4 pháir uile-aimsire ar fáil i mBaile Brigín, sna Sceirí, sa Chorr Dhubh, i mBaile Bhlainséir agus i nGort na nGiollaí, Mullach Íde.
- Cuireadh páirceanna cruicéid ar fáil i nDiméin Mhullach Íde agus ag Páirc an Bhaile, Baile Brigín.
- Bhí faiche bollaí, riartha ag Club Bollaí na Sceirí, i bhfeidhm i bPáirc an Bhaile, na Sceirí.
- Rinneadh cothabháil ar 46 cúirt leadóige, 30 dóibh a bhí tuilshoilsithe, ag iliomad suíomhanna ar fud an chontae.

Áiseanna Gailf

Tá áiseanna gailf ar fáil in:-

- Ionad Gailf Fhaice an Leamhnáin, Caisleán Cnucha (Cúrsa gailf 18 bpoll, Cúrsa gailf dhá mhaide 18 bpoll agus Raon Gailf 24 bá)
- Dumhach Gailf an Chorrbaile, Domhnach Bat (dumhach gailf poiblí). Osclaíodh trí phoill nua agus 4ú poll athshuite don phobal i 2009.
- Diméin Mhullach Íde. (Cúrsa Gailf 9 bpoll par 3 agus Cúrsa Gailf Dhá Mhaide)



Fóillíocht, Pobail agus Conláistí



Tionscadail Athchóirithe

Tionscadail ag:-

- Caisleán agus Clós Eaglaise Bremore, Baile Brigín, i gcomhar le FÁS, Cumann Forbartha agus Pobail na Sceirí agus Cumann Cultúrtha agus Oidhreachta Bhaile Brigín.
- Caisleán Shord, i gcomhar le FÁS agus Coiste Athchóirithe Caisleán Shord, agus osclaíodh an séipéal athchóirithe go oifigiúil don phobal.
- Muilte Life Anna, Tionscadal Oidhreachta Tionsclaíoch.

Cur Crann agus Maisiú Cathartha

- Eagraíodh ócáidí do Seachtain Náisiúnta na gCrann agus Lá Náisiúnta na gCrann le comhoibriú leantach scoileanna áitiúla agus Comhairle Crann na hÉireann.
- Clár bliantúil de chur crann agus tor, cisealú séasúrach agus cur agus cothabháil crann sráide.
- Cuireadh Crainn Nollag ar fáil ag 15 shuíomh agus cuireadh áiseanna athchúrsála do Chrainn Nollag ar fáil ar fud an chontae.

Forbairt Spásanna Oscailte

- Leanadh leis an táille ghlactha agus an fhorbairt bhunúsach agus snoite ar spásanna oscailte i rith na bliana.

Ócáidí i bPáirceanna

Léiríodh dráma de chuid Shakespeare ar Fhaice Thiar Dhiméin Mhullach Íde i rith shamhradh 2009

Cuibhrinn

Ghlac Rannán na bPáirceanna freagracht as soláthar cuibhreann poiblí i rith 2009 agus forbraíodh 2 shuíomh i mBaile an Phaoraigh i mBÁC 15 agus ag Ascaill Thuirbhe, Domhnach Bat. Cuireadh líon iomlán de 468 cuibhreann ar fáil ag na suíomhanna seo.



1. TÓGÁIL

Soláthraíodh líon iomlán de 160 aonad nua tithíochta sóisialta faoin ár gClár Tógála 2009. Chuir an Clár seo 29 aonad tithíochta inacmhainne breise ar fáil chomh maith, a thagann go 189 aonad soláthraithe sna scéimeanna seo a leanas-

- Baile an Phléimeannaigh, Baile Brigín
- Baile an Gháire, Co. Átha Cliath
- Diméin Sheantraibh, BÁC 9
- An Seanbhaile, Co Átha Cliath
- Maigh Cláir, Baile Dúill

Bhí tógáil tithíochta leanúnach ag na suíomhanna seo a leanas:-

- An Seanbhaile, Co Átha Cliath
- An tSráid Mhór, An Ros

Cuireadh 73 aonad tithíochta Inacmhainne/Úinéireacht Roinnte agus 25 aonad sóisialta ar fáil faoi cuid V de na hAchtanna Pleanála agus Forbartha 2002.

2. STOC TITHÍOCHTA

Cíos

Ar an 31ú Nollaig 2009 bhí 4,464 aonad réadmhaoine ina ag an gComhairle ina stoc tithíochta.

An ioncam cíosa a ghnóthaíodh ó na haonaid réadmhaoine seo ná €12,657,421.85, sin méadú €295,795.15 ar an mbliain roimhe.

Bhí figiúr de €883,220.90 ar na riaráistí cíosa glan.

Ar an 31ú Nollaig 2009, Rinne 2,050 cuntas gníomhach morgáiste íocaíocht de €13,919,789 a ghnóthú.



COILLTE ARD AIDHIN,
SEANTRAIBH

Roinn na Tithíochta

3. BAINISTÍOCHT EASTÁT

Tabhaíodh iomlán de €5m de chaiteachas airgid ar chothabháil freagartha agus ar chothabháil ginearálta ar Stoc Tithíochta agus Eastáit an Chomhairle. Déileáladh le 8852 iarratas cothabhála i rith 2009.

De bhreis ar sin, tá 3,142 coire mar pháirt de chlár seirbhísithe coirí an Chomhairle.

Cuireadh 11 Chúrsa Ionduchtaithe do Thionóntaí ar bun chun tacú le hiarratasóirí tithíochta bheith ar gcompond ina dtithe agus pobail nua.

D'fhreastail Bainistíocht Eastát ar 61 cruinniú de Chumann Cónaitheoirí i rith 2009.

Tabhaíodh caiteachas caipitiúil de €4.3m ar chothabháil pleanáilte agus feabhsuithe eile ar nós:-

- Deisithe Réamhlígin curtha i gcrích i 119 áitreabh.
- Suiteáil agus uasghrádú an Teasa Lárnaigh i 129 áitreabh
- Uasghrádú ar Inslíú agus Aerú i 230 áitreabh
- Rinneadh oibreacha péinteála agus siúinéireachta ar 347 áitreabh faoin gclár cothabhála chioglach.

Déileáladh le 472 gearán faoi lompraíocht Fhrithshóisialta i rith 2009

4. LEITHDHÁILTÍ

Rinneadh leithdháileadh ar líon iomlán de 465 áitreabh (266 Sóisialta, 106 SCC agus 91 Deonach) go hiarratasóirí ón liosta tithíochta. Bhí 7,450 iarratasóir ar an liosta tithíochta ar an 31/12/2009.

Líon iomlán na ndiúltuithe maidir le cóiríocht tithíochta ná 126 (Tithíocht Shóisialta & cóiríocht SCC).

5. TITHÍOCHT INACMHAINNE

Bhí 614 iarratasóir ar an Loista Tithíochta Inacmhainne í Nollaig 2009.

Díoladh 302 tithe inacmhainne i 2009, in ainneoin choinníollach margaidh agus na cúinsí eacnamaíochta.

6. SCC (SÉIM UN CHOIRÍOCHTA AR CÍOS)

Tugadh cóiríocht do 106 Cliant tríd an scéim i 2009, rud a thógann an líon iomlán de thionóntaí SCC suas go 380.



Roinn na Tithíochta

7. SCÉIM DEONTAS UM OIRIÚNIÚ TITHE DO DHAOINE BREACAOSTA AGUS DAOINE ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

Rinneadh iomlán de 205 deontas príobháideach a fhaomhadh le luach €2,458,750.

8. CÓIRÍOCHT DO THAISTEALAITHE

Chuir an Comhairle an chóiríocht seo a leanas ar fáil do Thaistealaithe:-

- Gnáth-thithíocht 1
- Grúphtithe Reatha 3
- Láithreáin Stad Reatha 5
- SCC 4
- Grúpscéim Nua 10

Á dTógáil:- Láithreán stad 10 bá ag Lóiste an Sciobóil
10 Scéim Grúphtithe ag Ard Ló, na Sceirí

Táscaire	2009	2008	2007
T: Tithíocht			
Folúntais Tithíochta:			
Líon iomlán na n-áitreabh atá i stoc na n-údarás áitiúil	4,464	4,273	4,098
% iomlán na n-áitreabh atá amuigh ar cíós	98.53%	98.65%	97.83%
% na n-áitreabh atá folamh	1.47%	1.35%	2.17%
% na n-áitreabh folamh atá faoi choinníollacha na scéime athchóirithe	12.12%	0%	0%
% na n-áitreabh nach féidir a chur amach ar cíós	84.85%	95%	98.2%
% na n-áitreabh ar féidir a chur amach ar cíós	15.15%	5%	1.8%
T.2 Meántréimhse ama a ghlactar chun áitreabh a chur amach ar cíós an athuair	37 Lá	34 Lá	53 Lá
T.3. Líon na ndeisthe curtha i gcrích mar chéatadán den uimhir iarratas deisiúcháin bailí a tháinig isteach	94%	98.15%	98.89%

Roinn na Tithíochta

T.4. Meántréimhse ama tógtha chun iarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinneadh an údaráis maidir le hiarratais ar:

An scéim úinéireacht tithíochta roinnte	5.1 Lá	26 Lá	26 Lá
Scéimeanna d'iasachtaí tithíochta	15 Lá	10.3 Lá	Níor Tháinig Aon Iarratas
Local authority housing	70 Lá	25 Lá	25 Lá

T.5 Tithíocht do Thaistealaithe

Líon iomlán na gclann taistil a bhfuil cóiríocht curtha ar fáil dóibh mar chéatadán de na spriocanna sonraithe sa chlár cóiríochta do thaistealaithe	57%	78.3%	58%
--	-----	-------	-----

BI: Bailiúchán Ioncaim

BI.1 Cíos Tí

(a) Suim bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim dlíte	93.26%	94.07%	93.43%
(b) Céatadán na riaráistí:			
4-6 seachtaine d'aois	9.3%	9.24%	9.04%
6-12 seachtaine d'aois	18.02%	13.57%	16.47%
Níos mó ná 12 sheachtain d'aois	59.69%	61.31%	60.2%

BI. 2 Iasachtaí Tithíochta

(a) Suim bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den tsuim dlíte	96.59%	97%	96.69%
(b) Céatadán na riaráistí:			
Mí d'aois	10%	13%	12%
2-3 mhí d'aois	4%	3%	2.5%
Níos mó ná 3 mhí	86%	84%	85.5%





Chuir Rannóg na nAiltirí seirbhísí ar fáil sna réimsí seo a leanas do gach rannóg sa Chomhairle le linn 2009: dearadh ailtireachta, suirbhéir cainníochta, caomhnú agus soláthar foirgníochta.



TIONSCADAIL

Foirgnimh Chathartha

Ionad Pobail/Fóillíochta Radharc an tSléibhe –

Thosaigh an tionscadal ar an suíomh sa bhliain 2008 agus cuireadh é i gcrích i 2009. Cuireadh i ngníomh conradh feistithe agus tá an t-ionad oscailte anois.

Ionad Pobail/Fóillíochta Bhaile Breacáin

Cuireadh i gcrích Cuid XI den phróiseas pleanála.

Acadamh Spóirt Fhine Gall

Rinneadh staidéir féidearthachta súlmh don tionscadal sa bhliain 2008. Roghnaíodh suíomh i Lusca agus cuireadh i gcrích Cuid XI den phróiseas pleanála.

Leabharlann an Rois

Cuireadh tús leis an tionscadal seo ar an suíomh i mi na Samhna 2007. Cuireadh i gcrích an conradh feistithe le linn 2009, agus oscloídh sé i 2010.

Suíomhanna Scoile – Tionscadail Phíolótacha – Áiseanna Feabhsaithe d'úsáid Phobail

Lean an rannóg ag idirghabháil leis an Rannóg Pobail, Fóillíochta agus Conláistí chun na forbairt thionscadail scoileanna Fhine Gall a fhorbairt.

Caisleán Mhullach Íde

Ceapadh foireann comhairleoirí chun doiciméad tairisceana a chur le chéile d'obair dearaidh le haghaidh uasghrádú na n-áiseanna do thurasóirí agus na ngairdíní. Is comhthionscadal é seo leis an Rannóg Páirceanna, Pobail agus Ailtirí.

Halla Pobail an tSeanbhaile

Cuireadh i gcrích uasghrádú agus athchóiriú an fhoirgnimh.

Rannóg na n-Ailtirí

Cartlann Contae Fhine Gall

Osclaíodh don phobal seirbhís Cartlainne Fhine Gall i dTeach Chluain Meala, Bealach Forster, Sord, i bhfómhar na bhliain 2009, tar éis conradh feistithe a cheapadh, cuireadh chun tairisceana a thabhairt agus tar éis dó bheith curtha i gcrích.

Muileann Shackleton

Ceapadh conradh do dheisiúcháin dín agus cuireadh chun tairisceana é le linn 2009.



Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne i gcrích

Seoladh	Líon na nAonad	Cineál Aonaid	I gCrích / aistrithe
Faiche Ghleann Meáin, An Seanbhaile (BER A3) (lena n-áirítear 1 aonad curtha in oiriúint go speisialta - BER A2)	35	T. Shóisialta & Inacmhainne	2009
Dun Saithne (Baile an Phléimeannaigh) Céim 2, Baile Brigín	128	Tionacht mheasctha	2009
Domville Woods, Diméin Seantrabh	75	Tionacht Mheasctha	2009
Cúirt Baskin agus Páirc Baskin, Lána Steach Comhail, Clochrán	10	Cóiríocht don Lucht Síúil	Nov 2009
Tithíocht ag Lána na Scoile (Pobalscoil Neassain) Baile Dúill	44	Scéim Inlíonta	2009
Páirc Mhaigh Chláir, Baile Dúill	7	Scéim Inlíonta	2009
Feabhsúcháin ag Radharc Bheanna, Na Sceirí (Céim 1).	5	Oibreacha Píolótacha Feabhsúcháin	2009
Ceannacháin	9		2009
Iníúchtaí Chuid V	Mar a larradh		

Rannóg na n-Ailtirí

Tionscadail Tithíochta á dtógáil faoi láthair

Seoladh	Líon Aonad	Cineál Aonaid	Dáta Tosaithe	Dáta Críochnaithe
An Phríomhshráid, An Ros	4	Scéim inlíonta	2008	2010
Ardla, Na Sceirí	10	Cóiríocht don Lucht Siúil	Nollaig 2009	Idir Lámha
New Road, Lóiste an Sciobóil	10-mbá	Cóiríocht don Lucht Siúil	2009	Idir Lámha
NABCO baile an Tirialaigh, D15	231	Tionacht Mheasctha	2008	Idir lámha
SONAS An Phríomhshráid, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15	8	Tithíocht Dheonach	2008	2010
Radharc Bheanna Boirche Na SceiríScéim Oibreacha Feabhsúcháin, (Ph. 1a)	Aonaid 1 sheomra codlata	Stoc Tithíochta	2009	Idir Lámha

Scéimeanna á nUllmhú

Baile an Rólaigh

Cáipéisí tairisceana á n-ullmhú.

Scéim Oibreacha Feabhsúcháin ag Eastát Radharc Bheanna Boirche Na Sceirí (Céim 2).

Cáipéisí tairisceana á n-ullmhú.

Teach ag Cúirt Chrónáin, Sord

Áitreabh amháin inlíonta. Faomhadh Chuid XI faighte sa bhliain 200.

Dhá theach ag Ionad Lios Risteaird, Baile Bhlainséir

Dhá theach ar an suíomh cúinne. Tús curtha le gnáthamh Chuid XI sa bhliain 2009.

An Cheapach Céim 1

Measúnú féidearthacht agus tionscadal seolta chuig an RCORA sa bhliain 2009

Tithíocht ag An Ail, Co. Bhaile Átha Cliath

Measúnú féidearthacht agus tionscadal seolta chuig an RCORA sa bhliain 2009

Inlíonadh ag Lána Tuckett, Binn Éadair

Measúnú féidearthacht agus tionscadal seolta chuig an RCORA sa bhliain 2009

Athruithe, sínte agus oibreacha beaga ar thithe

Cuireadh i gcrích tríochoa hocht athrú do dhaoine le riachtanais speisialta.

Cuireadh i gcrích ceithre shineadh in áiteanna éagsúla den tír.

Rannóg na n-Ailtirí

Cothabháil Tithíochta

B'ionann an líon áitreabh i stoc na Comhairle amhail ag Nollaig 2009 agus 4464.

Freagraíodh 8822 iarratas cothabhála le linn 2009, agus 212 iarratas breise don Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil.

Deisíodh 119 teach folamh sular cuireadh iad amach ar cíos arís sa bhliain 2009.

Rinneadh péinteáil agus deisiúcháin ar 607 áitreabh.

Leanadh le Cláir Suiteálacha Teasa Lárnaigh, Inslithe agus Aeraithe na Comhairle le linn 2009.

Rinneadh cothabháil ar choire teasa lárnaigh i 2098 teach.

Reáchtáladh cúrsaí ionduchtaithe do thionóntaí, d'iarratasóirí tithíochta a bhí ag bogadh isteach ina dtithe le linn 2009.

Rátáil Fuinnimh Tógála (RFT)

Is measúnóir cláraithe í Rannóg na nAiltirí do Rátálacha Fuinnimh Tógála. Sa bhliain 2009 chuir an rannóg teastais RFT ar fáil go díreach do 185 áitreabh agus do 879 áitreabh trí mheasúnóirí seachtracha.

Chomh maith leis an méid thuas, cuireann an rannóg seirbhísí nó comhairle ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:

- Seirbhísi mapála -Chuir Rannóg na nAiltirí seirbhís mhapála ar fáil do thithe inacmhainne agus ceannaithe ag tionóntaí, ar iarratas.
- Cead Slí – cuireadh i gcrích 210 tuairisc cead slí.

Foirgnimh Chontúirteacha

Osclaíodh 18 gcomhad nua d'iniúchtaí ar fhoirgnimh chontúirteacha sa bhliain 2009. Cuireadh i gcrích 300/350 iniúchadh/ath-iniúchadh freisin sa bhliain 2009.

Caomhnú

Cuireadh comhairle ar fáil ar bhonn leanúnach don Rannóg Pleanála i ndáil le struchtúir faoi chosaint agus iarratais phleanála.

Líon na n-iarratas deontais arna próiseáladh	13
Líon na n-iarratas ar Dhearbhú	3
Líon na struchtúir faoi chosaint atá liostáilte	798
Líon na gComhad Géilliúlachta	14

Taifead na Struchtúir faoi Chosaint – Athbhreithniú leanúnach ar na struchtúir faoi chosaint.

Rannóg na n-Ailtirí

D'oibrigh an Oifig Caomhantais le Rannóga eile na Comhairle i rith na bliana, ag soláthar comhairle maidir le bainistiú na Struchtúr Stairiúil agus faoi Chosaint atá faoi úinéireacht na Comhairle, agus ghlac páirt san Fhóram Oidhreachta. Rinne an oifig bainistiú tionscadail freisin ar oibreacha athchóiriúcháin ag an Droichead Miotail ag Na Ceapóga Sú Talún, Baile Átha Cliath 15.

PLEANÁIL

Tuarascálacha Ailtireachta

Scríobh an Rannóg tuarascálacha ar ábhar ailtireachta i ndáil le forbairtí suntasacha príobháideacha atá beartaithe sa Chontae agus ghlac páirt i gcrúinnithe réamhphleanála ar iarratas ón Rannóg Pleanála.

Dréachtphlean Forbarta 2011-2017

Ghlac an rannóg páirt in ullmhúchán an Dréachtphlean Forbartha don Chontae.



Tá an Rannóg Iompair freagrach as bainistiú éifeachtach nó gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach slán éifeachtach tíosach ó áit go háit laistigh d'Fhine Gall ar an gcóras líonra na mbóthar poiblí.

Tá bainistiú Rannóg Iompair Chontae Contae Fhine Gall ag teacht le doiciméid pholasaí lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, Straitéis OIBÁC 2000-2016, Iompar 21, agus Pleananna agus Straitéisí reatha Chomhairle Contae Fhine Gall.

Seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta cumasúcháin:


- Acht na mBóithre 1993 - 2007
- Achtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2008
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 2000 – 2007



PRÓISEAS IOMPAIR/RAON SEIRBHÍSÍ

Cuireann an Rannóg Iompair raon leathan seirbhísí ar fáil do Chontae Fhine Gall, lena n-áirítear dearadh agus tógáil bóithre nua, feabhsú, cothabháil agus soilsiú na mbóithre atá ann cheana féin, cur i bhfeidhm na mbeart um bainistiú tráchta agus feidhmiú rannóige um shábháilteacht ar bhóithre agus seirbhís maoir scoile. Feidhmíonn an Rannóg Iompair mar ghníomhaire ar son an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) chun bainistiú a dhéanamh ar an Líonra Náisiúnta Bóithre a áiríonn mótarbhealaí an M1, M2 agus M3 motorways, i bhFhine Gall. Tá an Rannóg freagrach freisin as tógáil i gcúram bóithre, dúnadh sealadach agus buan na mbóithre, fodhlíthe a dhéanamh i ndáil le bóithre agus limistéir bhainteacha (m.sh. luasteorainneacha, spásanna páirceála srl.).

An Rannóg Iompair



An Rannóg Iompair

Dearadh agus Tógáil Bóithre.

Tá an Rannóg seo freagrach as ullmhú na ndearthaí sonracha agus an doiciméadúcháin chonartha do mórscéimeanna bóthair ar fud an Chontae.

Tá oibreacha tógála ag dul ar aghaidh ar an Scéim Feabhsúcháin ar Bhóthar Bhaile Cúlanna na Ceapaí. Tá an scéim seo le bheith i gcrích i lár 2010.

Áirítear i measc na scéimeanna le haghaidh na Ráiteas tionchair timpeallachta atá á dtiomsú faoi láthair le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála include;

- Oibreacha uasghrádúcháin R132 ag an Aerfort
- Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat
- Scéim ath-aillínithe Bhóthar Mhaighean



Rialú Tráchta agus Pleanála

Déileálann an Rannóg Tráchta le raon leathan saincheisteanna rialaithe bóthair, pleanála tráchta agus bainistithe tráchta.

- Pleanáil chun cinn na Saincheisteanna Iompair agus Bóthair, a áiríonn cothabháil na hacmhainne iompair ar an Líonra Bóithre.
- Measúnú ar shaincheisteanna Iompair agus moltaí a sholáthar don Phlean Forbartha Contae agus do Phleananna Limistéir Áitiúil bainteacha
- Measúnú ar na himpleachtaí a bheadh ag iarratais phleanála
- Bainistiú ar Éileamh Taistil, agus an bunphrionsabal a bhaineann leis seo ná roghanna eile inbhuanaithe a chur chun cinn ar úsáid an chairr phríobháidigh, .i. áiseanna páirceála agus taistil, pleananna do bhainistiú rothaíochta agus soghluaisteachta srl.
- Comharthaí bóthair a sholáthar agus a chothabháil
- Comharthaí agus línte a sholáthar don Líonra Bóithre

An Rannóg Iompair

- Scéimeanna ceansaithe agus bainistithe tráchta, a bhfuil mar chuspóir acu feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe, feabhas a chur ar inrochtaineacht d'úsáideoirí bóthair maolghluaiste, agus páirceáil a bhainistiú go héifeachtach.
- Éascú sholáthar Líonra Mórlánaí Bus d'Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (OIBÁC)

Gnéithe Tráchta sa bhliain 2009	Sonraí
Comharthaí Tráchta	96 (86 ar Chianchóras Monatóireachta)
Comharthaí do Choisithe	81 (75 ar Chianchóras Monatóireachta)
Trasbhealaí Túcánacha	17 (11 ar Chianchóras Monatóireachta)
Comharthaí Rabhaidh Scoile	18
Trasbhealaí Síogacha	3
Áiritheoirí Tráchta	14 (gach ceann ar Chianchóras Monatóireachta)
Geataí Bus	2

Líonra Mórlánaí Bus

Mórlána Bus Isteach N3– curtha i gcrích i Márta 2009

Geata Bus Bhaile Chualan – i gcrích i Meitheamh 2009

Mórlána Bus Bhaile an Bhlácaigh – tháinig i bhfeidhm i Samhain 2009

Scéimeanna Mórlánaí Bus Chaisleán Cnucha – ag céim na tairisceana

Mórlána Bus Bhaile an Huntaigh – ag céim an dearaidh shonraigh

R132 ó Thuaidh ó Mhórlána Bus Shord – ag céim an chomhairliúcháin phoiblí

Scéim Pháirceála Rothar Fhine Gall - 4 scoil i gcrích le linn 2009.

Íoc agus Taispeáin

Lean na Scéimeanna Íoca agus Taispeáin do bhailte Mhullach Íde, Bhaile Brigín, Na Sceirí agus Shord agus An Ros ag feidhmiú go héifeachtach.

An Rannóg um Rialú Pleanála

Bíonn an Rannóg um Rialú Pleanála i mbun Pleanála Chun Cinn agus Rialú Pleanála Iompair, Gnóthaí Bóithre agus an Líonra Bóithre. Cuireann an rannóg seo eolas ar fail do Phlean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall chomh maith le Rialú Pleanála. Sa bhliain 2009 dhéileáil an rannóg seo le 1197 comhad.

An Rannóg Iompair

OIBRÍOCHTAÍ IOMPAIR

D'imigh an Rannóg Cothabhála Bóithre a fheidhmiú ó lostaí ag Baile Brigín, Sord agus an Cúl Mín i mbun Clár fairsing d'Oibreacha le linn 2009 a chuimsigh dromchlaí nua a chur, cóireáil dromhchla, daingniú, oibreacha faoisimh draenála agus tuilte, máchailí a chur ina gceart a d'eascair as gnáthchaitheamh agus cuimilt agus deisiúcháin linn-treog ar bhóithre tuaithe a bhfuil gá acu le deisiúcháin. Tá cothabháil Geimhridh ina bhunchuid den chlár oibríochtaí, sa tréimhse ó mhí na Samhna go dtí deireadh Aibreáin. Chuathas i mbun córas de Mhapáil Theirmeach ar an bpríomhlíonra Bóithre agus bunaithe ar na léamha ó stáisiúin aimsire arna lonnú go straitéiseach feadh na mbealaí, a dtéann a dtorthaí isteach i gcóras ríomhaire, déanann an t-údarás sailleadh/grean a leagan mar réamhchúram de réir mar is cuí.

An Rannóg um Rialú Tógála

Is é príomhchuspóir na Rialachán Foirgníochta ná soláthar do shláinte, sábháilteacht agus leas daoine i bhfoirgnimh agus mórthimpeall orthu. Chomh maith leis sin, soláthraíonn na rialacháin foirgníochta do riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas i ndáil le foirgnimh agus do chaomhnú breosla agus fuinnimh.

Faoin Acht um Rialú Foirgníochta, 1990 - 2007 tá sé de dhualgas ar an gComhairle monatóireacht agus iniúchtaí a dhéanamh ar gach forbairt nua. Tá na cumhachtaí iniúchta agus forfheidhmithe arna dtabhairt d'Údarás Rialaithe Foirgníochta Fhine Gall sa bhreis go bunúsach ar na príomhdhualgais reachtúla arb iadsan úinéirí foirgnimh, a dhearann na foirgnimh agus a thógann iad.

Déanann an Rannóg Rialaithe Foirgníochta Fhine Gall iniúchtaí randamacha ar fhoirgnimh agus más gá, na pleananna dearaidh bainteacha, chun géilliúlacht do na Rialacháin Tógála a chur chun cinn.

Sa bhliain 2009 ba iad seo a leanas na croícheisteanna;

- Fógraí Tosaigh, rinneadh 37% d'fhoirgnimh indibhidiúla a iniúchadh mar chéatadán de na fógraí tosaigh a fuarthas
- Forfheidhmiú.
- Iniúchtaí – Rialacháin Tógála Cuid A go Cuid M d'Fhoirgnimh Phoiblí agus Phríobháideacha.
- Monatóireacht ar Rialacháin Fuinnimh Foirgnimh
- Géilliúlacht Fuaim
- Bóthair, foirgnimh agus seirbhísí a thógáil i gcúram nó i gcothabháil
- An dea-chleachtas sa tógáil a chur chun cinn.
- An straitéis agus an prótacal do thógáil i gcúram a chur i ngníomh
- Deontais do dhaoine faoi mhíchumas, measúnú agus moltaí maidir le hiarratais.

Sa bhliain 2009, thóg Comhairle Contae Fhine Gall i gcúram 25 eastát ina raibh tuairim is 2046 áitreabh, agus 16 Chiliméadar de bhóithre.

An Rannóg Iompair

Comhairle Contae Fhine Gall agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais

Dhaingnigh an tAcht um Míchumas, 2005 tiomantas Chomhairle Contae Fhine Gall freastal ar an gcustaiméir. Ghlac an Chomhairle le Dearbhú Barcelona sa bhliain 2002. Tríd síos Plean Forbartha Chomhairle Contae Fhine Gall 2005-2011 tá cothú na cuimsitheachta sóisialta, inrochtaineacht uilíocht, tacú le cruthú na modhanna do dhearadh maith timpeallachta atá sábháilte agus saor ó bhac, ar féidir le gach duine dár gcustaiméirí fónamh a bhaint as.

Croíchuspóir eile i bPlean Forbartha na Comhairle ná forfheidhmiú na Rialachán Foirgníochta 1991, (arna leasú) agus a chinntiú go gcloíonn forbairtí leis na treoirlínte “Buildings for Everyone”, arna bhfoilsíú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais, Lúnasa August 2002.

Oibreacha Inrochtaineachta do 2009

Le linn 2009 tháinig an grúpa “Fingal Access for All” le chéile chun na cuspóirí arna leagan síos i bPlean Feidhmithe Míchumais Chomhairle Contae Fhine Gall 2008 – 2010 a chur chun cinn.

Tionscadail a cuireadh i gcrích 2009:

- Diméin Ard Giolláin – oibreacha cosán agus raon rothar lena n-áirítear rampa inrochtaineachta isteach i nGairdín na Rós
- Clós Súgartha An Chorr Dhubh– uasghrádú iomlán ar threalamh súgartha inrochtana
- Trá Phort Mearnóg – rochtain ar an trá d’úsáideoirí faoi mhíchumas

38 cinn de Mhionoibreacha Inrochtaineachta chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do dhaoine faoi mhíchumas. Airíonn na míchumais sin míchumais fhisiceacha, chognaíocha, chéadfacha, aosú srl.

An Rannóg Gnóthaí Meicniúla agus Leictreacha

Bhainistigh an Rannóg Gnóthaí Meicniúla flít de 253 feithicil agus innealra a bhaineann le Cothabháil Bóthair, Seirbhísí Uisce agus seirbhísí Comhshaoil sa bhliain 2009 agus rinn a dheisiúcháin feithicil féin ag iostaíl ag vehicles and plant associated with Road Maintenance, Sord agus an Cúl Mín. Bhí an rannóg freagrach freisin as cothabháil uisce agus stáisiúin pumpála draenála agus ionaid chóireála.


Le linn 2009, rinne an Rannóg Gnóthaí Leictreacha bainistiú ar chothabháil solas poiblí 31,823 ar fud Fhine Gall.

An Rannóg Iompair

An Rannóg um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá bainistiú agus cothabháil an Chláir Maoir Scoile ina ghné thábhachtach den Chlár um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí 90 duine fostaithe go lánaimseartha gus 26 maor cúltaca fostaithe sa bhliain 2009.

- Earcú, oiliúint, maoirseacht agus riar Maor Fásta Scoile
- Oiliúint agus maoirseacht na ndaltaí atá páirteach sa tseirbhís maor sóisearach
- Cothabháil na marcálacha péinteáil trasbhealaí scoile
- Iníúchadh agus cothabháil an troscáin agus na comharthaíochta scoile
- A chinntiú go gcloíonn gach trasbhealach leis na ceanglais reachtúla agus leis an dea-chleachtas
- Seimineár bliantúil oiliúna maor scoile



Leanadh le Sábháilteacht ar Bhóithre sa Chontae le linn 2009 ar na bealaí seo a leanas:

- Comórtas scoile, comórtas ealaíne ar shábháilteacht ar bhóithre, moltóireacht agus bronnadh duaiseanna
- Ábhar eolais/feachtais, bileoga eolais, bandaí muinchille, rialóirí agus pinn luaidhe le teachtaireacht sábháilteachta a tháirgeadh
- Cúrsaí Oiliúna do ghluaisrothaithe / Cúrsaí oiliúna do rothaithe
- Botháin rothar a thógáil i scoileanna le cúnamh deontais ó OIBÁC
- Cainteanna oideachais i scoileanna
- Cúrsaí oiliúna do mhaoir scoile shóisearacha
- Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre, Lá Siúl chun na Scoile
- Seó Bóthair 'Road Safe' i dTéatar an Heliz do dhaltaí na hidirbhliana
- Bealaí sábháilte a chur chun cinn chuig an scoil agus an cur chuige ilghníomhaireachta walking bus
- Gardaí
- OIBÁC
- Múinteoirí scoile
- Maidineacha Rothar don Bhricfeasta i scoileanna
- Imeachtaí Rothar agus gluaisrothar le linn na Seachtaine Sábháilteachta Pobail
- Laethanta COW agus WOW sa tSeachtain Ghlas

An Rannóg Iompair

Croí-staitisticí

	2009	2008	2007
Fad Bóthair de réir Catagóire			
Bóithre Náisiúnta lena n-áirítear mótarbhealaí	60km	60km	60km
Bóithre Réigiúnacha	225km	225km	225km
Bóithre Áitiúla	976km	960km	927km

Riarachán Iompair

Le linn 2009, dhéileáil an Rannóg Riaracháin le:

	2009	2008	2007
Cead Slí/ Teachtaireachtaí, Iarratais Oscailte Bóthair Iarratais ar Cheadúnas	392	219	636
Iarratais ar Dhúnadh Sealadach Bóithre	21	28	31
Iarratais ar Theastais Tógáil i gCúram	303	406	466
Iarratas ar Cheadúnais d'Ualach Mínormálta	565	771	774
Iarratais Íoc agus Taispeáin: - Ceadúnais d'Áitritheoirí Dioscaí do Chuartheoirí, Ceadúnais Speisialta (Mullach Íde, Na Sceirí, Baile Brigín, Sord)	754	847	778

Táscairí Seirbhíse

	2009	2008	2007
Costas in aghaidh an mhéadair chearnaigh do chóireáil dhromchla bóthair	€5.2	€5.2	€6
Céatadán de dhromchlaí Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha Cóireáilte (In aghaidh an mhéadair chearnaigh de bhóthar)	1.1%	2.0%	3.4%





Athchúrsáil & Díúscairt Dramhaíola

Tá trí cinn de sheirbhísí bailiúcháin dramhaíola ó thaobh an bhóthair i bhfeidhm ag an gComhairle (Nithe Tirime In-athchúrsáilte, Dramhaíl Orgánach & Dramhaíl Iarmharach), 2 ionad athchúrsála agus líonra de 73 banc buidéal.

Bailiúchán Nithe Tirime In-athchúrsáilte ó Thaobh an Bhóthair (Boscaí Bruscair Glasa)

- Le linn 2009 chuir Comhairle Contae Fhine Gall bailiúchán de bhoscaí bruscair glasa ar fáil gach coicís dá chustaiméirí.
- Glacadh le páipéar, cairtchlár, cartáin tetra pak, cannaí alúmanaim, cannaí stáin agus plaisteach.
- Sa bhliain 2009 chosain soláthar na seirbhíse seo €2.64 milliún.

	2009 (Tonnaí)	2008 (Tonnaí)
Iomlán curtha ar long ó Bhoscaí B Glasa	15,064	14,315
Nuachtáin & Irisí	5,952	5,497
Cairtchlár & Páipéar	4,768	6,866
Cannaí Alúmanaim	190	73
Cannaí Stáin	360	179
Tetra Pak	76	14
Plaisteach	610	73

Freastalaíodh ar 117 Scoil le bailiúchán coicísiúil de nithe tirim in-athchúrsáilte.
Freastalaíodh ar 4,784 árasán le bailiúchán seachtainiúil de nithe in-athchúrsáilte.

Bailiúchán de Dhramhaíl Orgánach ó Thaobh an Bhóthair (Bosca Bruscair Donn)

- Muiríneoirí díolta ag ráta subsidised do shealbhóirí tí i gComhairle Contae Fhine gall.
€32 do bhosca muiríne caighdeánach.
€64 do bhosca muiríne rothlaithe.

4,301 muiríneoir díolta go deireadh na bliana 2009.

- Cuireadh i gcrích an rolláil amach den tseirbhis bailiúcháin boscaí bruscair donna sa bhliain 2009. B'ionann an tonnáiste a bailíodh ó bhoscaí bruscair donna le linn 2009 agus 16,785 tonna.

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Bailiúchán de Dhramhaíl Iarmharacha ó Thaobh an Bhóthair

- Bailiúchán na dramhaíola tí lena dhiúscairt i líonadh talún ó chóras na mboscaí bruscair dubha ó chustaiméirí ag baint fónaimh as seirbhís bhailiúcháin bhoscaí bruscair Fhine Gall.

Córas Muirir Bliantúil do Dhramhaíl Tí

- Tathant ar áitritheoirí Íoslaghdú ar mhéid na dramhaíola arna dtáirgeadh acu – “Íoc de réir Toirte”.
- Cloí le “Polluter Pays Principle”.
- €8 gach uair a bhailítear bosca 240L.
- €4 gach uair a bhailítear bosca 140L.
- Leanúint leis an táille bhliantúil de €110 in aghaidh na bliana.
- Scéim tarscaoilte i bhfeidhm (10,216 Tarscaoileadh eisithe sa bhliain 2009).



Ionaid Athchúrsála agus Bainc Bhuidéil

Tá dhá ionad athchúrsála i bhfeidhm ag an gComhairle (Inbhear agus an Cúl Mín) agus líonra de 73 banc buidéal ar fud na tíre. Sa tábla seo a leanas tá an tonnáiste de mheáchain a bailíodh i 2009. Bhí Ionad Athchúrsála Bhaile Brigín faoi bhainistíocht FMW Recycling Ltd thar ceann na Comhairle agus dúnadh sin i mí an Mheithimh 2009. Tharraing an Chomhairle siar an maoiniú don ionad seo toisc an méid íseal d’ábhar a bailíodh ag an suíomh seo i gcomparáid leis an gcostas agus toisc mhéadú an ábhair arna ghlacadh i mbailiúchán na nithe tirime ó Bhoscaí Bruscair Glasa.

	2009 (Tonnaí)	2008 (Tonnaí)
Gloine	5327	5169
Pacáistiú Plaisteach	127	279
Cairtchlár	335	450
Cannaí Alúmanaim	26	33
Stáin Bhia	6	10
Páipéar Measctha	224	344
Tetra Pak	10	26
WEEE (cuisneoirí san áireamh)	1486	1813
Éadaí	393	483
Nithe Ilchineálacha Enable Ireland le hathdhíol/athúsáid	23	25
Adhmad	1196	1290
Miotal	390	503
Earraí Toirtiúla	1746	2017

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Dramhaíl Ghlas	1185	1754
C&D	1126	1053
Gipseam / plástarchláir	6	36
Cadhraí Aigéid Luaidhe	44	52
Cadhraí Príomhúla	7	6.6
Ola Innil	18	27
Sorcóirí Gáis	4	4.1
Dramhaíl ghuaiseach tí: péint agus nithe bainteacha	166	160
Dramhaíl Ghuaiseach Tí: cóir leighis	1	1
Dramhaíl Ghuaiseach Tí: glantóirí / glantaigh	1	1.5
Dramhaíl Ghuaiseach Tí: lotnaidicídí/ luibhicíd	1	1.2
Ola Cócaireachta	6	
Aerasóil (measta, 1druma = 30Cileagram)	3	3.5
Líonadh Talún*	G/F	3967
IOMLÁIN	13,857	19,512.4

* Dúnadh concláiste cathartha Bhaile Amhlaoibh sa bhliain 2008

Seirbhís Bailiúcháin Dramhaíola Tí (Bailiúchán Dramhaíola Toirtiúla)

Bhain 953 teach fónamh as an tseirbhís seo sa bhliain 2009. Scoradh den tseirbhís seo ó 1 Iúil 2009.

Dramh-Threalamh Leictreonach agus Leictreach

Cur i bhfeidhm na Rialacháin um Dhreamh-threalamh Leictreonach agus Leictreach (DTLL) 2005. D'éiligh sé seo iniúchadh ar na háitribh chun a chinntiú go raibh miondíoltóirí ag cloí leis na rialacháin agus go raibh DTLL á nglacadh ag ionaid Athchúrsála saor in aisce (DTLL ó thithe próbháideacha agus DTLL ó mhiondíoltóirí cláraithe.

	2009	2008
DTLL glactha ag Ionaid Athchúrsála	1486 tonna	1813 tonna
Mar atá thuas ach ar bhonn per capita	6.19 Cg/duine	7.55 Cg/duine
DTLL arna bhailiú ó mhiondíoltóirí AAE*	615 tonna	692 tonna

*Is éard is AAE ann ná Ardán Athchúrsála Eorpach – an scéim faofa géilliúlachta d'Fhine Gall

Thit an líon áitreabh miondíola cláraithe faoi rialacháin DTLL ó 276 i 2008 go 233 i 2009

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

BONNEAGAR DRAMHAÍOLA

Líonadh Talún

- Tá Líonadh Talún Bhaile Amhlaioibh ag cloí le ceadúnas dramhaíola arna eisiúint ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- Tá an méid dramhaíola arna dhiúscairt sa líonadh talún thíos toisc rolláil amach na scéime boscaí bruscair donna agus laghdú ar na méid dramhaíola tráchtála.
- Thug An Bord Pleanála cead go bhforbrófaí an líonadh talún nua ag Neimhead, Lusca agus cheadaigh ordú ceannacháin éigeantaigh i mí Dheireadh Fómhair 2009. Reáchtáladh an dara héisteach ó bhéal ar iarratas ceadúnais dramhaíola i Márta 2009, ach ní raibh aon chinneadh glactha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi dheireadh na bliana.



Páirc Athchúrsála Chrois Chill Sheáin.

- Scoradh den phróiseas tairisceana d'fhorbairt ionad athchúrsála do dhramhaíl bhithleolaíoch ag Cill Sheáin agus Baile Uí Ógáin i mí an Mheithimh 2009 toisc chúiseanna inní maidir le luach ar airgead. The tender process for the development of a Tá na 4 Údarás Bhaile Átha Cliath ag iniúchadh an scéil, cibé acu ar chóir ionad níos mó a bheith i gCill Sheáin ag baint úsáide as modhanna soláthair a chinnteodh luach ar airgead.

Forfheidhmiú an Achta agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola

- D'éirigh le 8 n-ionchúiseamh ar leithligh do shárú na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 sa bhliain 2009 agus ghearr na cúirteanna fineálacha agus costais dar luach tuairim is €15,000.
- Rinneadh iniúchadh ar 80 gnó le cinntiú go raibh siad ag cloí leis na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú), 2003.
- Chláraigh 20 cuideachta mar féin-chomhlíontóirí sa bhliain 2009.
- Bronnadh 2 Cheadúnas Dramhaíola agus Ceadúnas amháin Clárúcháin sa bhliain 2009 le haghaidh saoráidí aisghabhála dramhaíola faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007-2008.
- Rinneadh monatóireacht agus rianú ar 3145 aistriú coinsíneachtaí de dhramhaíl ghuaiseach de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Ghuaiseach a Aistriú), 1998.

Gradaim Repak

D'éirigh le Comhairle Contae Fhine Gall áit a bhaint amach sa chraobh sa ghradam 'Údarás Áitiúil na Bliana 2009' ag Gradaim Repak le linn na Seachtaine Náisiúnta Athchúrsála. Bronnadh gradam ar Chomhairle Contae Fhine Gall as éachtaí suntasach i réimsí na hathchúrsála, na feasachta comhshaoil, forfheidhmiúcháin agus nuálaíochta. Is í Comhairle Contae Fhine Gall an t-aon údarás áitiúil sa tír a fuair áit sa chraobh den ghradam seo gach bliain ó bunaíodh an scéim sa bhliain 2002 agus tá ar an gcéad údarás áitiúil an gradam 'Údarás Áitiúil na Bliana' a bhuachan dhá uair, i 2008 agus 2003.

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Feasacht Comhshaoil

I measc na ngníomhaíochtaí sa bhliain 2009 bhí:

- Feachtas Leanúnach Poiblí chun laghdú agus athchúrsáil dramhaíola tí, gnóthaí agus óige a chur chun cinn agus a spreagadh.
- Reáchtáladh Seimineáir agus Seisiún Eolais ar Mhuiríníú Tí & Athchúrsáil.
- Clár Scoileanna Glasa An Taisce - 63 Scoil Ghlas i bhFine Gall, 10 mbrat céad áite bronnta. San iomlán tá 122 brat bronnta ar scoileanna i bhFine Gall.
- Glantachán Náisiúnta Earraigh An Taisce.
- Seachtain Athchúrsála Náisiúnta Repak.
- Ailt foilsithe faoin gcomhshaoil i ngach eagrán de News.
- LA Environmental Partnership Fund – bhronn seo €29,233 san iomlán i 2009 ar 11 thionscadal comhshaoil áitiúla.
- Leanadh den Chlár Oideachais in Ionad Athchúrsála an Inbhir le 3 scoil ar cuairt sa bhliain 2009.
- Tionsaíodh féilirí Frith-bhruscair agus frith-ghraifítí ó iontrálacha a bhain duaiseanna, ó dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile Chomhairle Contae Fhine Gall.
- Reáchtáladh Bronnadh Lá an Domhain i nGnóthaí Áitiúla.
- Seoladh agus cuireadh chun cinn an Tionscnamh an Tascfhórsa Frith-bhruscair Guma a raibh mar aidhm aige laghdú ar an méid bruscair de ghuma coganta
- 15 cheardlann ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann éascaithe do scoileanna áitiúla
- Freastal ar an Citi Group Expo chun feasacht i leith an chomhshaoil a chur chun cinn i measc na mball foirne atá ina gcónaí laistigh de limistéar Chomhairle Contae Fhine Gall.
- 3 agallamh le stáisiún raidió áitiúla ar laghdú agus Íoslaghdú dramhaíola.



Rialú Bruscair

Tá na Rannóg um Bainistiú Bruscair freagrach as scuabadh bóthair, bruscar a ardú, fly tipping a bhaint, agus boscaí bruscair a fholmhú agus a ionadú. Eisíodh 1,397 fineáil sa bhliain 2009. Baineadh 10 bhfeithicil thréigthe agus 27 feithicil dóite sa bhliain 2009. De bhreis air sin, bhain 84 áitritheoir úsáid as ár seirbhís a bhfeithicil deireadh saoil a bhaint.

Rialú Cáilíochta Aeir

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) n tseirbhís seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta.

Déanann 5 stáisiún monatóireachta aeir cáilíochta na aeir i bhFine Gall a thomhas. Déantar Dé-ocsaíd Sulfair, Gal, PM10, Nítrigin, Aon-ocsaíd Charbóin, Beinsín & Luaidhe a thomhas. Tá na stáisiúin seo lonnaithe ag Clochrán, Sord, Mullach Íde Baile Brigín agus Baile Bhlainséir.

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Glacadh le Plean nua Réigiúnach um Bainistiú Aeir i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Bhaile Átha Theas. Léiríonn tomhais go dtí seo go bhfuiltear ag cloí le spriocanna an Phlean.

Fuarthas 88 gearán sa bhliain 2009.



Rialú Torainn

- Rinne Oifigigh Sláinte Comhshaoil iniúchadh ar na gearáin.
- Seirbheáladh fógraí nuair ba ghá.
- Tionscnaítear imeachtaí dlí i gcás neamhéilliúnachta
- Fuarthas 189 gearán sa bhliain 2009.
- Dhéileáil gearáin chónaitheacha go díreach leis an sealbhóir tí sa Chúir Dúiche faoi Alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992.

Ionaid Adhlactha

- Rinne an Rannóg Comhshaoil 34 Ionad Adhlactha a fheidmiú agus a chothabháil.
- Cuireadh tús leis an bpróiseas reachtúil d'fhorbairt tailte nua adhlactha ag Baile an Phléimeannaigh, The statutory process for the development of the new Baile Brigín go déanach sa bhliain 2009.

Tránna & Uisce Snámha

- 48 ciliméadar (30 míle) d'imeallbhord i bhFine Gall.
- 9 dtrá thiomnaithe a meastar luach a bheith ag baint leo mar áiseanna caithimh aimsire.
 - o Baile Brigín, Na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, An Ros Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Burrow Road).
 - o Glanadh Tránna.
 - o Áiseanna rochtana.
 - o Monatóireacht rialta ar shamplaí sáile chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le Rialacháin AE.
- Bhí 50 garda tarrhála fosaithe ag 11 stáisiún ó mhí an Mheithimh go Meán Fómhair Luath 2009.

Madraí & Capaill

- Gaibhríodh 177 capall ag póna na Comhairle sa bhliain 2009.
- Gabhadh 387 madra agus tugadh 174 don Phóna Madraí surrendered sa bhliain 2009.
- Eisíodh ceadúnais do 3,813 madra i bhFine Gall sa bhliain 2009.

Cuanta

Rinneadh athphointeáil ar bhallaí an chain i mBaile Brigín i rith na bliana.

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

ATHCHÚRSÁIL AGUS BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA COMHSHAOIL 2009

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA	2009	2008	2007
Dramhaíl agus Athchúrsáil			
Tonnáiste de Dhramhaíl Tí chuig Líonadh Talún	37,789	54,458	61,216
Tonnáiste Tí Athchúrsáilte	29,325	27,839	25,637
Tonnáiste Muirínithe (Bosca Bruscair Donn)	16,785	9,481	3,589
Dramhaíl Tí (líonadh Talún & athchúrsáil)	83,899	91,778	90,442
% Dramhaíl Tí Athchúrsáilte	55	41	32
Acmhainní Bainistithe Dramhaíola (LA)			
Líon Conláiste Cathartha	2	3	4
Líon Banc Beir Leat	73	77	79
Tithe le Boscaí Bruscair Glasa	65,301	86,600	86,093
Forfheidhmiú Dramhaíola			
Líon na Maor Bruscair	6	6	6
Líon na bhfíneálacha Bruscair	1,397	1,180	1,141
Líon na bhfíneálacha bruscair Íoctha	708	712	687
Luach Iomlán na bhFíneálacha Íoctha	€109,260	€107,220	€99,225
Truailliú Bruscair			
% Gan Bhruscar	N/A	3.55	N/A
% Le Beagán Bruscair	N/A	63.45	N/A
% Bruscar Measartha	N/A	30.97	N/A
% Bruscar Suntasach	N/A	2.03	N/A
% A lán Bruscair	N/A	0	N/A
Gearáin Chomhshaoil			
Líon Iomlán na nGearán	4511	4240	4708
Líon na nGearán imscrúdaithe	4189	3943	4350
Líon na mBeart Forfheidhmiúcháin	72	80	85

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Rialacháin maidir le Pacáistiú Dramhaíola (m.sh. pacáistiú nó rialacháin cheadúnais)

Líon na ngnóthaí ina mbaill de Repak	342	355	321
Líon na ngnóthaí féingheilliúlacha (do Chomhairle Contae Fhine Gall)	20	21	18

Scoileanna Páirteach sna Cláir Chomhshaoil

% de Bhunscoileanna le Bratacha Glasa	82	78	79
% d'Iarbhunscoileanna le Bratacha Glasa	92	83	91
Líon na dtránna le Bratach Ghorm	0	1	2

AN RANNÓG UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCHTA AGUS SHÓISIALTA

Páirceanna Tionsclaíochta Chomhairle Contae Fhine Gall

Páirc Thionsclaíochta Bhaile Dama	38 gnólacht ag feidhmiú laistigh den Pháirc. 18 heicteár bhreise ar fáil le diúscairt.
Eastát Tionsclaíochta Chúl Mín	55 gnólacht beag ag feidhmiú laistigh de 12.14 heicteár.
Tailte Tionsclaíochta Cheapál	13 heicteár de thalamh ar fáil le diúscairt.
Páirc Thionsclaíochta Bhaile Stiofáin, Baile Brigín	7 gcuideachta ag feidhmiú laistigh den Pháirc. Plean don Dearadh Uirbeach á ullmhú de réir Phlean Limistéir Áitiúil Bhaile Stiofáin, Chloch Ruairí agus Chluain Ioraird. 10 n-acra de Thailte Ginearálta Tionsclaíochta ar fáil le diúscairt.
Páirc Ghnó Bay, Baile Brigín	Oifig na bPasanna, Bridgestone Ireland, agus 22 aonad lena ndoras féin laistigh den Pháirc.
Páirc Ghnó & Theicneolaíochta an Choláiste	Comhfhiontar le I.D.A.Ireland. An Institiúid Teicneolaíochta, Digiweb agus creis ag feidhmiú laistigh de pháirc 93.07 heicteár.
Baile an Lódaigh, Tuirbhe	40 heicteár de thailte Tionsclaíochta ar an R132 laistigh de 1 chiliméadar den M1 ag Baile an Leasáin. TESCO le hionad mór loighistice ag feidhmiú ann.

Ionaid Fiontraíochta

Faoi láthair tá dhá Ionad Fiontraíochta ag feidhmiú i mBaile an Phaslóigh agus Baile Brigín a chuireann áiseanna ar fáil do ghnóthaí atá ag tosú agus áiseanna oiliúna gnó ar fáil. Tá Ionad Fiontraíochta nua á thógáil faoi láthair i nDraighnean, Sord agus é le bheith i gcrích faoi mhí Aibreáin 2010.



Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

Turasóireacht a Chur Chun Cinn

Tacaíocht airgeadais ón gComhairle do riar agus feidhmiú Fhine Gall

Leanadh le Turasóireacht agus Turasóireacht Bhaile Átha Cliath le linn a bhallraíochta de bhord Thurasóireachta Fhine Gall agus rannpháirtíocht i gclár trádála agus aonaigh tomhaltóirí, margaíocht sa siopa, fógraíocht spriocdhírthe, caidrimh phoiblí agus feachtais agus teoracha turasóireachta. www.fingalBaile Átha Cliath.ie

Pleanáil Eacnamaíochta/Margaíocht

Conair Eacnamaíochta Mheitreo Thuaidh

- Lean an Rannóg um Fhorbairt Eacnamaíochta ag cur i bhfeidhm na moltaí ón Straitéis Forbartha Eacnamaíochta do Chonair Eacnamaíochta Mheitreo Thuaidh. Sainithnítear sa Straitéis na deiseanna fadtéarmacha forbartha eacnamaíochta a thiocfaidh as tógáil an Mheitreo Thuaidh. Cuimsíonn an chonair ciliméadar amháin de thailte ar gach taobh den líne Meitreo Thuaidh atá beartaithe, agus áiríonn sé limistéir Bhaile an Leasáin, Shord, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Imeall na Cathrach. Tá eolas ón straitéis á úsáid mar bhonn do chinntí polasaí sa limistéar amach anseo.
- Rinne an Rannóg Forbartha Eacnamaíochta an iliomad feachtas margaíochta a chuir Fine Gall chun cinn mar shuíomh atá cairdiúil don ghnó. Chomh maith leis sin, lean an rannóg ag tacú le Lá Fiontraíochta Fhine Gall – a mbíonn an-tóir air i measc gnóthaí beaga agus daoine a bhfuil ar intinn acu gnó nua a bhunú i bhFine Gall.
- Reáchtáladh an chéad Fhóram Gnó Fhine Gall i mí Bealtaine 2009, mar ar tháinig Stiúrthóirí Bainistíochta na 100 cuideachta is mó i bhFine Gall le chéile le hionadaithe sinsearachta ó Ghníomhaireachtaí Móra Stáit lena n-áirítear IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, FÁS, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Beidh imeachtaí na hócáide seo mar bhonn eolais do chinntí polasaí eacnamaíochta a ghlacfar amach anseo. Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall ag obair i gcónaí leis an earnáil scileanna agus oideachais chun Straitéis Scileanna iomchuí a cheapadh don chontae.
- **Liostáil de Mhaoin Thráchtála:**
Bhí tóir i measc lucht gnó Ghine Gall ar Liostáil Mhaoin Tráchtála Fhine Gall. Is seirbhís saor in aisce é seo do ghnóthaí Fhine Gall agus liostálann spás Tráchtála agus Fiontraíochta, Aonaid Thionsclaíochta agus Tailte atá ar fáil ar cíós, ar léas nó le ceannach i bhFine Gall. Tá an bunachar sonraí seo ar fáil trí shuíomhanna gréasáin Chomhairle Contae Fhine Gall agus www.fingalworks.ie chun cuidiú le gnóthaí spás oiriúnach a fháil a fhreastalóidh ar a riachtanais.

Forbairt Comhshaoil, Eacnamaíochta agus Shóisialta

- **Suíomh Gréasáin Fingalworks:**

Seoladh suíomh gréasáin nua www.fingalworks.ie i Meán Fómhair. Is acmhainn ar líne é www.fingalworks.ie a chuireann eolas ar fáil do dhaoine atá ag lorg poist, do ghnóthaí nuabhunaithe, gnóthaí reatha, infheisteoirí agus daoine a bhfuil suim acu gnó a dhéanamh i bhFine Gall nó cónaí ann. Seoladh an suíomh le comhoibriú na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, IDA Ireland, Fiontraíocht Éireann, Bord Fiontar Contae Fhine Gall agus an iliomad gníomhaireachtaí tacaíochta oideachais agus gnó i bhFine Gall. Bhí an t-aiseolas tosaigh an-dearfach ar fad. Cuireann www.fingalworks.ie eolas sainiúil faoi Fhine Gall ar fáil maidir le leasa sóisialacha, iomarcaíocht, airgeadas gnó, oiliúint, meantóireacht, staidéir féidearthachta agus taighde agus forbairt ar bhealach atá éasca le rochtain.



An Rannóg Eorpach

Líonra na gCathracha Imeachacha

Bíonn Comhairle Contae Fhine Gall páirteach i gcónaí i Líonra na gCathracha Imeachacha agus cuireann go mór leis an líonra seo, a thug le chéile bailte agus cathracha ar imeall mórcathracha Eorpacha ó 1996 i leith. An aidhm leanúnach atá ag an líonra ná réitigh eacnamaíochta agus sóisialta a roinnt ar dhúshláin laistigh de shuíomhanna bhaill an líonra.

Tionscadal AIREA:

Sa bhliain 2009 cuireadh i gcrích an Tionscadal Chomhdháil Réigiúin na nAerfort – Acadamh Ríomhfhoghlama Réigiúin na nAerfort. Seo tionscadal arna fhorbairt faoi Chlár Maoiniúcháin an AE agus d'fhorbair sé réimse deiseanna gairmeacha nua agus feabhsaithe pan-Eorpach do loighistic eitlíochta agus tionscail a bhaineann le haerfort. Is ón tSualainn, an Laitvia, Éire agus an Spáinn a thagann na comhpháirtithe

Struchtúir Chontúirteacha/Áiteanna Contúirteacha/Suíomhanna Dearóil

Rinneadh 66 maoin sábháilte/neamhdhearóil sa bhliain 2008.

Níor iontráladh aon mhaoín ar an gclár de shuíomhanna Dearóile amhail ag 31 Nollaig 2009.



IARRATAIS PHLEANÁLA

B'ionann an líon iarratas pleanála a fuarthas agus 1340, (agus as an líon sin dearbhaíodh go raibh 191 neamhbhailí). Léiríonn seo laghdú de 40% ar fhiigiúr 2008.

PLEAN FORBARTHA 2011-2017

Ar cheann d'fheidhmeanna Comhairle Contae tá ullmhú Plean Forbartha. Cuireann an Plean Forbartha creat straitéiseach ar fáil do gach forbairt nua sa Chontae thar thréimhse an phlean, do chosaint agus feabhsú chonláistí an Chontae, agus do chomhordú an tsoláthair bonneagair le húsáid talún, anois agus sa todhcháí.

Mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin is féidir le baill den phobal, soláthraithe seirbhíse agus eagraíochtaí agus forais eile aighneachtaí a dhéanamh maidir le hullmhú dréachtphleananna forbartha. Cuireann an rannpháirtíocht luath seo an deis ar fáil do gach páirtí leasmhar a bhfuil leas acu i bhforbairt an Chontae – áitritheoirí, soláthraithe seirbhíse, cuairteoirí, infheisteoirí srl. – níos mó úinéireachta a ghlacadh as an táirge críochnaithe, Plean Forbartha nua do Chontae Fhine Gall.

Mhair an chéim chomhairliúcháin Réamhdréachta ó 1 Bealtaine 2009 go dtí 26 Meitheamh 2009. Foilsíodh doiciméad i dteanga shimplí dar teideal “Your Fingal – The Future Is In Your Hands”. Cruthaíodh córas nua gréasán-chumasaithe ar ár suíomh gréasáin chun gur féidir aighneachtaí a chur isteach tríd an suíomh gréasáin. Fuarthas 553 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin tosaigh, lena n-áirítear 118 web aighneacht gréasáin (tuairim is 20%).

Tugadh Tuarascáil an Bhainisteora do bhaill thofa ar an 21 Lúnasa 2009; a áirigh tuairim an Bhainisteora faoi na príomhcheisteanna ardaíthe agus a mholtaí polasaí. Ansin bhreithnigh na baill Tuarascáil an Bhainisteora ag Cruinnithe Speisialta den Chomhairle ar an 20 Deireadh Fómhair, 2009 agus 21 Deireadh Fómhair 2009. Ag Cruinnithe Speisialta, aontaíodh Tuarascáil an Bhainisteora agus d'eisigh na Baill Thofa Treoracha don Bhainisteoir maidir le hullmhú an Dréachtphlean.

Tá ullmhúchán Dhréachtphlean Forbartha 2011-2017 anois idir lámha agus beidh sé ar taispeáint go poiblí ó 2 Aibreán 2010 go dtí an 11 Meitheamh 2010, mar a mbeidh an deis eile ag an bpobal aighneachtaí a dhéanamh i leith an Dréachtphlean.



An Rannóg Pleanála

Athruithe ar Phlean Forbartha Contae 2009

Lusca	Comhdhlúthú ar fhás beartaithe agus an limistéar a chosaint agus a fheabhsú	09/03/09
Clochrán	Éascú na forbartha ar áis chúraim altranais	14/12/09

Pleananna Limistéir Áitiúil arna nglacadh sa bhliain 2009

Glacadh pleananna limistéir áitiúil do na háiteanna seo a leanas sa bhliain 2009: Lusca, Ceann Iúir (An Ros), baile an tSrutháin (Mullach Íde), and Baile an Haicéadaigh were adopted in 2009.

Táirgeadh na tuarascálacha Neamhreachtúla seo a leanas sa bhliain 2009

Máistirphlean Shord

Lárionad Bhaile Bhlainséir

Straitéis Fuinnimh Ghaoithe

Straitéis Ionaid Uirbigh Bhinn Éadair

Rialú Tógála

San iomlán fuarthas 212 iarratas do Theastais Sábháilteachta Dóiteáin agus déileáladh leo le linn na bliana.

Fuarthas Fógraí Tosach Feidhme i ndáil le 520 forbairt.

Fuarthas scéimeanna ainmniúcháin agus uimhriúcháin bóthair i ndáil le 10 scéim.

Bannaí agus Ranníocaíochtaí

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 – Alt 48, Scéim Ranníocaíochtaí Forbartha

- Bailíodh suim de €12.17 milliún faoin Scéim seo agus aontaíodh socruithe pasála ní bhí siad á n-idirbheartú mar a fhoráiltear leis an reachtaíocht
- San iomlán eisíodh 110 litir rabhaidh sa bhliain 2009 do neamhíocaíocht tobhaigh forbartha.

Forais Sheachtracha

Le linn na bliana bhí ionadaithe ón Rannóg Pleanála thar ceann na Comhairle ar na forais sheachtracha seo a leanas:

- Grúpa Oibre Teicniúil um Threoirlínte Réigiúnacha Pleanála
- Comhdháil Réigiúin na nAerfort (CRA), a chuimsíonn údaráis áitiúil an Aontais Eorpaigh agus na a bhfuil aerfoirt mhóra acu ina limistéar. Tá uachtaránacht an CRA ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi láthair.
- Grúpa Réigiúnach Bhaile Átha Cliath– Straitéis Imeachtha 2030.

- Coiste Idirchaidreamh Scoile – An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Fóram Forbartha an Imill Thuaidh – Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall

Plean Oidhreachta Fhine Gall

Is plean gnímh cúig bliana é an Plean Oidhreachta a dhéileálann le gach gné dár n-oidhrecht lena n-áirítear ár bhfiadhúlra, an cósta agus an taobh tíre, ár n-oidhrecht ailtireachta, ár seandálaíocht, ár stair áitiúil agus ár gcultúr. Ullmhaítear an plean i gcomhar le Fóram Oidhreachta Fhine Gall, agus i gcomhairle leis an bpobal. Ghlac an Chomhairle leis an obair i mí Iúil 2005.

San iomlán chaith an Chomhairle €114,000 ar thionscadail Pleananna Oidhreachta sa bhliain 2009. D'éirigh leis an gComhairle maoiniú de bhreis is €35,000 ón gComhairle Oidhreachta. Déanann Oifigeach Oidhreachta na Comhairle an Plean a chur i bhfeidhm.

Le linn 2009 chuathas i mbun raon fairsing tionscadal lena n-áirítear na tionscadail seo a leanas:

Tionscadail an Phlean Oidhreachta 2009

1. **Acmhainn Seandálaíochta Fhine Gall a Mheas.** Féachann an tionscadal seo le bunachar sonraí cuimsitheach seandálaíocht a sholáthar d'Fhine Gall. Comhlánóidh seo an Taifead reachtúil Séadchomharthaí agus Áiteanna (TSÁ). Tá obair idir lámha faoi láthair agus le bheith i gcrích faoi dheireadh Mhárta 2010.
2. **Tionscadal Ailtireachta Oidhreachta ar an gCósta.** An aidhm atá leis an tionscadal seo ná foirgnimh agus struchtúir a bhfuil luach oidhreachta ag baint leo agus atá ar an teorainn idir an cósta an Chontae agus an fharraige, a shainnithint agus cur síos orthu. Beidh an tionscadal i gcrích go luath sa bhliain 2010.
3. **Plean Bainistíochta do Phortach na Rinne.** Suíomh tuairim is 5 chiliméadar theas ó Bhaile Brigín i bhFhine Gall thuaidh, tá seo ar cheann den dhá shuíomh bogaigh fionnuisce mhóra atá fanta i bhFhine Gall, agus tá sé beartaithe é bheith ina Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON). Féachann an tionscadal seo le Plean Bainistíochta a chur i bhfeidhm don suíomh tábhachtach bogaigh seo i bpróiseas 2 bhliain. I mbliain 1 (2009) rinneadh measúnú éiceolaíochta ar an suíomh chun an bhunlíne reatha a mheas agus rinneadh anailís ar shonraí stairiúla chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar athraigh an suíomh san am atá thart.
4. **Breithmheas Oidhreachta ar Phlean Forbartha Fhine Gall 2011-2017.** D'fhostaigh Comhairle Contae Fhine Gall, i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta, comhairleoirí chun Breithmheas Oidhreachta a dhéanamh ar Dhréachtphlean Forbartha Fhine Gall 2011-2017. Cuireadh i gcrích athbhreithniú ar an bPlean Forbartha reatha agus beidh an anailís seo mar bhonn eolais ar a n-ullmhófar an Dréachtphlean Forbartha Contae. Beidh an Dréachtphlean Forbartha faoi réir an phróisis chéanna sa bhliain 2010.
5. **Seachtain Oidhreachta:** Thacaigh an Chomhairle freisin leis an tSeachtain Oidhreachta sa chontae trí thacaíocht theoranta a sholáthar do roinnt grúpaí chun imeachtaí a reáchtáil agus trí imeachtaí a fhógairt sa phreas áitiúil a bheadh ag tarlú sa chontae.



An Rannóg Pleanála

6. **'Axes, Warriors & Windmills'**: Sa bhliain 2009 foilsíodh roinnt Fionnachtana Seandálaíochta a rinneadh le déanaí i bhFine Gall. D'éascair seo ó Sheimineár den ainm céanna arna reáchtáil i mBaile Brigín sa bhliain 2007, agus cuireann síos ar thorthaí roinnt fionnachtana a rinneadh le déanaí i bhFine Gall. Rinn Comhairleoir Leachtana Allamuigh Fhine Gall, Christine Baker, an leabhar a chur in eagar.



TÁSCAIRI FEIDHMÍOCHTA NA RANNÓIGE PLEANÁLA

Táscairí Feidhmíochta	2009	2008	2007
Iarratais Nua Cláraithe	1340 (191 neamhbhailí)	2235 (471 neamhbhailí)	2584 (480 neamhbhailí)
Líon na nIarratas a Cinneadh	1320	2116	2241
% Deontas	80%	75%	82%
% Diúltaithe	20%	25%	18%
% Cinnte laistigh de 2 mhí	72%	75%	73%
Líon na nIarratas A faighte	1028 (139 neamhbhailí)	1474 (326 neamhbhailí)	1726 (336 neamhbhailí)
Líon na nIarratas B faighte	312 (52 neamhbhailí)	761 (145 neamhbhailí)	858 (144 neamhbhailí)

Staitisticí Forfheidhmiúcháin

Forfheidhmiú	2009	2008	2007
Líon Iomlán na gcásanna faoi réir gearáin a ndearnadh imscrúdú orthu	466	456	597
Líon Iomlán na gcásanna faoi réir gearáin a díbheadh	236	323	128
Líon na ngnáthamh forfheidhmiúcháin a tógadh trí litreacha rabhaidh	223	280	333
Líon na ngnáthamh forfheidhmiúcháin a tógadh trí fhógraí forfheidhmiúcháin	85	104	137
Líon na nIonchúiseamh (Dúiche – 157)	27 (23)	28 (19)	39 (29)
(Ardchúirt/C. Chuarda 160)	(4)	(9)	(10)



EARCAIOCHT

D'fhostaigh Comhairle Contae Fhine Gall 1476 ball foirne (FTE) ar an 31/12/2009 mar a léirítear sa tábla:-

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha	lomlán
Riarachán	543	3	546
Proifisiúnta	137	6	143
Teicniúil	187	7	194
Ceird	81	-	81
Oibrithe Ginearálta	506	6	512
lomlán	1,454	22	1,476

lomlán de 6 chomórtas earcaíochta ar bun i 2009.

PINSINÉIRÍ

D'éirigh 101 ball foirne as i 2009. Astu seo, chuaigh 23 ar scor faoin Scéim Dreasaithe Scor Luath

OILIÚINT (SEACHAS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT)

31 cúrsa éagsúil ar siúl

101 lá oiliúna inmheánacha soláthraithe

571 áit oiliúna líonta do chúrsaí inmheánacha oiliúna

Meántinreamh na gcúrsaí inmheánacha oiliúna seo ná 80%

100 fostaithe tar éis leas a bhaint as an Scéim Oideachas Foirne

Oiliúint Sláinte agus Sábháilteacht

6 chúrsa dhifriúla curtha ar fáil

130.5 lá oiliúna soláthraithe

Meántinreamh 89%

Táscairí Feidhmíochta

Sláinte Corparáideach – Céatadán na laethanta cailte de bharr breoiteachta - 4.35%

Caidreamh Tionsclaíoch

Choinnigh an Comhairle a gcuntas teiste de chaidreamh maith tionsclaíoch.

Achmhainní Daonna

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACTH

Ról an Aonad Sláinte agus Sábháilteachta ná comhairle a thabhairt don bhainistíocht agus don bhfoireann maidir le gach rud a bhaineann sábháilteacht, sláinte agus leas san obair.

Cuireadh na gníomhaíochtaí seo a leanas i gcrích i rith 2009:

- Bhí 1 chruinniú ag an gCoiste Sábháilteachta Comhairleach
- Tá Coistí Sábháilteachta Rannóige gníomhach i ngach roinn.
- Cuireadh 118 Cigireacht Sábháilteachta ar bun
- Cuireadh 23 Iníúcháireacht Sábháilteachta ar bun
- Leasaíodh agus eisíodh 6 Ráiteas Shábháilteachta Coimhdeacha chuig gach ball foirne.
- Ullmhaíodh 4 dhoiciméad Polasaí.
- Ullmhaíodh nó leasaíodh 5 Ghnás Oibríochta Sábháilte.
- Ullmhaíodh nó leasaíodh 23 Sainnithint Guaise agus Rialú Riosca.
- Cuireadh an 3ú Comhdháil Bhliantúil d'Ionadaithe Sábháilteachta ar bun.
- Traenáladh gach Maor Dóiteáin agus tugadh coimre dóibh ar a ról.
- Tá Ionadaí ó Chomhairle Contae Fhine Gall mar pháirt den bhfoireann atá ag ullmhú do chaighdeán oiliúna FETAC
- Cruthaíodh agus eisíodh DVD dóiteáin aslonnaithe do gach ball foirne.
- Forbraíodh agus tugadh faomhadh do ghnáis imscrúdaithe timpistí.
- Baineadh dhá dhuais ESNÉ amach.
- Rinneadh monatóireacht ar 4 chleachtadh dóiteáin




Tá Roinn na Teicneolaíocht Faisnéise (IT) tar éis laghdú foirne 18% a léiriú i gcomparáid le figiúir 2008. Comhlíonadh aschuir Tionscadal trí leas níos mó a bhaint as Teicneolaíocht Chliste chun cabhrú le gnó Chomhairle Contae Fhine Gall.

Príomhthionscadail a cuireadh ar bun i 2009:

- Cuíchóiriú ar an Ardán Líonra Bonneagair trí Netware Novell a bhaint.
- Cuireadh chun tairisceana le hathnuachan ar Lasca Líonra Bonneagair i Hall an Chontae, Sord.
- Ullmhacht do Leanúnachas Gnó i gcás go dtarlódh Paindéim Fliú na Muc.
- Fairsingiú ar Acmhainneacht Cianoibre.
- Uasghrádú an tsuímh ghréasáin www.fingalcoco.ie
- Eisílon nua a thabhairt isteach do Chomhairleoirí agus Teachtaí Dála.
- Feabhas ar Luach Poiblí ar an bealaí seo a leanas –
 - o Méadú na seirbhísi Íocaíochtaí ar Líne
 - o Áis curtha ar fáil le go bhféadfaí Aighneachtaí a chur isteach ar Líne i leith an Phlean Forbartha Contae
 - o Feabhas ar Rochtain ar Eolas
 - o Tabhairt isteach Aistriú Leictreonach Airgid do Dheontais Ardoideachais
- Feabhas ar Luach Corparáideach ar an bealaí seo a leanas–
 - o Úsáid níos forleithne ar Thuairisciú Sonraí chomhtháite
 - o Infhaighteacht níos fearr ar thacair sonraí sa limistéar Eolais Spásúil
 - o Iarratas nua Tithíocht Chomhtháite curtha ar fáil
 - o Bonneagar nua TF curtha ar fáil chun tacú le Toghcháin Áitiúla
 - o Deasc Seirbhís nua T.F. tugtha isteach

Teicneolaíocht Faisnéise

PLEAN FORBARTHA FHINE GALL 2011 – 2017 SEIRBHÍS AIGHNEACHTAÍ AR LÍNE



Deasc Seirbhíse

B'ionann an líon iomlán glaonna logáilte ar an Deasc Seirbhíse don tréimhse Eanáir – Nollaig 2009 ná 8,736

Sheol an Rannóg T.F. Deasc Seirbhíse nua i Meán Fómhair 2009 chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí T.F. ar fud na Comhairle. Seo a leanas na staitisticí don Deasc Seirbhíse nua don tréimhse Meán Fómhair 2009 –

- Iomlán na nGlaonna ar an Deasc Seirbhíse = 3,471
- Meánlíon Glaonna in aghaidh na míosa = 868
- Meánlíon glaonna in aghaidh an lae = 41

Rátáil Sástachta i measc úsáideoirí –

- Sásta – 90%
- Míshásta – 3%
- Gan a bheith Sásta ná Míshásta – 7%



Déileálann an Rannóg Airgeadais le hairgeadas gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle – idir fháltais agus chaipiteal.

Áiríonn seo:-

- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse
- Riachtanais iasachtaithe agus léasaithe a eagrú agus
- Cistí a infheistiú

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais freisin go gcomhlíontar prionsabail reachtúla agus airgeadais chuntasaíochta, a bhaineann le hairgead íoctha leis an gComhairle nó íoctha ag an gComhairle. Ullmhaítear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (cuntais dheireadh na bliana) ar bhonn cuntasaíochta lán-fhabhrúithe .i. caiteachas agus ioncam agus an clár comhardaithe.

Glantar fáltais nó gnáthchaiteachas na Comhairle ó lá go lá ó fhoinsí cosúil leo seo a leanas:-

- Rátaí Tráchtála
- Deontais Rialtais
- Cineálacha eile ioncaim cosúil leo seo :-
- Cíosanna tithíochta
- Muirir dhramhaíl tí
- Muirir uisce thráchtála
- Muirir d'iarratais phleanála
- Muirir d'áitribh nach iad an phríomh-áit chónaithe phríobháideach

Braitheann an méid airgid chaipitil ar leithdháileadh an Rialtais ar na réimsí seo: Tithíocht, Iompar, Seirbhísí Uisce agus Seirbhísí Comhshaoil.

PRÍOMHFHORBAIRTÍ 2009

Non Principal Private Residence Charges:

Tugadh isteach muirear de €200 le linn 2009 ar gach áitreabh nach é an príomh-áit chónaithe phríobháideach é sa tír. D'Íoc breis is 14,000 teach na muirir arb ionann a iomlán agus €2.9m d'Fhine Gall sa bhliain 2009.

Athluacháil:

Chuir an Oifig Luachála an Próiseas Athluachála i gcrích agus foilsíodh an luacháil deiridh ar an 31 Nollaig 2009. Déanfar gach maoin thráchtála agus tionsclaíoch i limistéar Fhine Gall a mheas le haghaidh rátaí bunaithe ar na luachálacha leasaithe le héifeacht ó 1 Eanáir 2010.

An Rionn Airgeadais

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

An aidhm atá ag an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus na Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 ná a chinntiú go n-íocann gach Foras agus Conraitheoir Poiblí ar chonarthaí earnála poiblí na soláthraithe go pras. I gcás nach ndéantar Íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fháil a sonraisc, tá an dualgas orthu pionós úis a íoc.

Rinneadh monatóireacht ar bhonn leanúnach ar leibhéal agus chineál na sonrasc a bhí le híoc le linn na bliana agus tógadh céimeanna lena chinntiú gur comhlíonadh an tAcht.

Le linn 2009 níor thabhaigh an Chomhairle aon pionóis úis.

An Rionn Airgeadais

RÁITEAS CÚNTAIS IONCAIM

don bhliain ar chríoch 31 Nollaig 2009

	Dréacht 2009	2008
	€	€
Caiteachas		
Tithíocht agus Tógáil	36,846,448	37,244,520
Iompar Bóithre agus Sábháilteacht	29,553,356	38,300,050
Uisce agus Séarachas	46,156,846	48,085,735
Forbairt Dreasaithe agus Rialuithe	17,522,848	18,688,355
Cosaint Comhshaoil	54,905,605	59,654,737
Áineasa agus Conláistí	35,184,022	37,110,924
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Sábháilteacht	17,531,108	13,007,713
Ilghnéitheach	15,548,524	13,965,643
Iomlán Oll-Chaiteachas	253,248,757	266,057,677
Ioncam		
Tithíocht agus Tógáil	33,012,531	32,529,706
Iompar Bóithre agus Sábháilteacht	10,560,821	13,243,256
Uisce agus Séarachas	17,790,624	18,180,333
Forbairt Dreasaithe agus Rialuithe	2,594,490	3,831,481
Cosaint Comhshaoil	19,168,296	22,777,935
Áineasa agus Conláistí	4,089,418	4,271,802
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Sábháilteacht	16,292,840	11,404,888
Ilghnéitheach	6,223,370	6,329,136
Ioncam Iomlán	109,732,390	112,568,537
Caiteachas Ghlan	143,516,367	153,489,140
Atá maoinithe ag:		
Rátaí Contae	128,955,984	124,154,299
Ciste Údarás Áitiúil	27,159,837	33,756,001
Asbhaint a bhaineann le Pinsean	3,244,861	
IOMLÁN	159,360,682	157,910,300
Barrachas/(Easnaimh) an bhliain roimh Aistrithe	15,844,315	4,421,160
Aistrithe ó /(go) Cúlchistí	(13,762,390)	(5,638,925)
	2,081,925	(1,217,765)
larmhéid ag teacht isteach @ 1 Eanáir	15,366,860	16,584,625
larmhéid Deiridh @ 31 Nollaig	17,448,785	15,366,860

An Rionn Airgeadais

RÁITEAS CÚNTAIS IONCAIM

don bhliain ar chríoch 31 Nollaig 2009

	Dréacht 2009	2008
Caiteachas (méid ghlan na nAistrithe Inmheánacha)*	€	€
Tithíocht agus Tógáil	62,384,744	145,005,241
Iompar Bóithre agus Sábháilteacht	33,500,164	82,448,110
Uisce agus Séarachas	30,141,423	64,867,501
Forbairt Dreasaithe agus Rialuithe	9,891,846	48,019,430
Cosaint Comhshaoil	969,873	15,588,183
Áineasa agus Conláistí	16,328,758	56,359,095
Seirbhísí Ilghnéitheacha	353,540	839,596
	153,570,348	413,127,156

Caiteachas (méid ghlan na nAistrithe Inmheánacha)*

HTithíocht agus Tógáil	104,887,177	96,297,588
Iompar Bóithre agus Sábháilteacht	15,323,382	33,177,241
Uisce agus Séarachas	30,743,225	42,641,695
Forbairt Dreasaithe agus Rialuithe	9,176,622	73,551,946
Cosaint Comhshaoil	13,497,369	8,809,676
Áineasa agus Conláistí	29,730,231	54,764,715
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6,187,827	3,715,879
	209,545,833	312,958,740

Barrachas (easnamh) don bhliain **55,975,485** **(100,168,416)**

Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 1 Eanáir **(25,822,801)** **74,345,615**

Iarmhéid (Dochar)/Sochar @ 31 Nollaig **30,152,684** **(25,822,801)**

*gan aistrithe inmheánacha a chur san áireamh, ag togaint aistrithe san áireamh ó agus go dtí an Chúntas Ioncaim.

Táscairí Feidhmíochta:

	2009	2008	2007
Rátaí Tráchtála (Méid Bailithe mar % den mhéid dlite)	88.52%	94.97%	96.00%
Muirir Uisce Thráchtála/Fuíolluisce (Méid Bailithe mar % den mhéid dlite)	67.7%(E)	78.71%	84.15%